Máistrí Comhpháirteacha sna hEalaíona Mundus Kino Eyes	0	5	5
MEal. Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse	0	20	20
MEal. Bainistíocht Imeachtaí Cultúrtha (P/A)	0	3	3
MGnó Fiontraíocht Dhigiteach	0	1	1
MGnó Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú	0	6	6
MEol. Cibírshíceolaíocht (P/A)	0	22	22
MEol. i nDearadh Taithí an Úsáideora (P/A)	0	22	22
Dioplóma larchéime Gnó Bainistíocht Imeachtaí Cultúrtha (P/A)	0	24	24
Dioplóma larchéime i bhFiontraíocht Dhigiteach Ghnó (P/A)	0	17	17
Dioplóma larchéime i gComhionannas Gnó, Éagsúlacht & Cuimsiú (P/A)	0	18	18

4.5.1 Líon na Mac Léinn de réir Disciplín 2022/2023 (ar lean)

	<b>Chéad Bhlían</b>	<b>Blianta Eile</b>	<b>Iomlán</b>
Dioplóma Iarchéime i Léirshamhlú Sonraí (P/A)	0	12	12
Dioplóma Iarchéime i nDearadh Eispéireas Úsáideoirí (P/A)	0	8	8
Teastas i dTaighde Criticiúil: Bunúis, Toghcháin agus Scileanna (C.S.)	0	2	2
Teastas sa Chibirshíceolaíocht (C.S.)	0	19	19
Teastas i Smaointeoireacht Dearaidh (C.S.)	0	9	9
Teastas i mBainistíocht Táirgthe le haghaidh na Beochana (C.S.)	0	11	11
Teastas sa tSíceolaíocht Spóirt (C.S.)	0	20	20
Teastas i nDearadh Eispéireas Úsáideora (C.S.)	0	15	15
<b>Iomlán (seachas Máistreacht ag mic léinn Taighde)</b>	<b>562</b>	<b>1,630</b>	<b>2,192</b>

#### 4.5.2 Clárúcháin Mac Léinn 2022/2023



##### Clárú Mic Léinn Lánaimseartha

##### Gnáthchéim Bhaitsiléara (Leibhéal 7)

Mná 6 Fir 10 Nach Luateir 1

- Iomlán 17 (3% nó de Mac Léinn na 1ú bhliana)

##### Céim Onóracha Bhaitsiléara (Leibhéal 8)

Female 279 Male 242 Nach Luateir 24

- Iomlán 545 (97% nó de Mac Léinn na 1ú bhliana)

#### 4.5.3 Iomlán na Mic Léinn de réir Leibhéal Cáilíoch



##### Mic Léinn Lánaimseartha Iomlána

##### Gnáthchéim Bhaitsiléara (Leibhéal 7)

Mná 12 Fir 35 Nach Luateir 1

- Iomlán 48 (2% nó de Mac Léinn)

##### Céim Onóracha Bhaitsiléara (Leibhéal 8)

Mná 1006 Fir 782 Nach Luateir 50


- Iomlán 1838 (95% nó de Mac Léinn)

##### Máistreacht/Diplóma Iarchéime

Mná 26 Fir 16 Nach Luateir 3

- Iomlán 45 (3% nó de Mac Léinn)

#### 4.5.4 Iomlán na Mic Léinn Páirtaimseartha



##### Iomlán na Mic Léinn Páirtaimseartha

##### Céim Onóracha Bhaitsiléara (Leibhéal 8)

Mná 6 Fir 9 Nach Luateir 28

- Iomlán 43 (17% nó de Mac Léinn)

##### Máistreacht/Diplóma Iarchéime

Mná 63 Fir 32 Nach Luateir 47


- Iomlán 142 (54% nó de Mac Léinn)

##### Dámhachtainí Sainchuspóra

Mná 19 Fir 4 Nach Luateir 53

- Iomlán 76 (29% nó de Mac Léinn)

#### 4.5.5 Céimithe de réir Leibhéal Cáilíoch



##### Céimithe de réir Leibhéal Cáilíoch

##### Gnáthchéim Bhaitsiléara (Leibhéal 7)

Mná 8 Fir 15 Nach Luateir 0

- Iomlán 23 (3% nó de chéimithe)

##### Céim Onóracha Bhaitsiléara (Leibhéal 8)

Mná 220 Fir 198 Nach Luateir 1

- Iomlán 419 (58% nó de chéimithe)

##### Máistreacht/Diplóma Iarchéime

Mná 87 Fir 46 Nach Luateir 0

- Iomlán 133 (19% nó de chéimithe)

##### Dámhachtainí Sainchuspóra

Mná 97 Fir 36 Nach Luateir 8

- Iomlán 141 (20% nó de chéimithe)



Jonathan Berkeley, Dr Andrew Errity (Head of Dept. of Technology & Psychology), and Clare O'Brien

#### 4.6 Duaiseanna, Scoláireachtaí agus Éachtaí na Mac Léinn sa bhliain 2022/2023

##### 4.6.1 Duaiseanna na Mac Léinn

###### Gradaim Bhainc-Aontas Éireann (Samhain 2022)

Bronnadh Gradaim Bhainc-Aontas Éireann ar na mic léinn seo a leanas ag an searmanas bronnta ar an 11 Samhain 2022:

- Oisín Fitzgerald [BEal. (Onóracha) Staidéar Nuamheáin] an Gradam na Sármhaitheasa;
- Marcie Kinsella [BEal. (Onóracha) Béarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha] an Gradam na nDaonnachtaí;
- Gabriela Lucia Pop [BEal. (Onóracha) Béarla, Staidéar Meán agus Staidéar Cultúrtha] an Gradam na Sármhaitheasa.

###### Gradaim Institiúid Chairte na gCuntasóirí Bainistíochta (CIMA) [Samhain 2022]

Bronnadh Gradaim CIMA ar na mic léinn seo a leanas ag an searmanas bronnta ar an 11 Samhain 2022:

- Daniel Byrne [BGNó (Onóracha) Bainistíocht Ghnó] an Gradam Cánachais agus Airgeadais;
- Clare Duffy [BEal. (Onóracha) Bainistíocht Ealaíon] an Gradam Bainistíocht an Airgeadais;
- Conor Hewitt [BGNó Fiontraíocht Fheidhmeach] an Gradam Airgeadais 3.

###### Gradaim na Mac Léinn de chuid Oifig Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (Samhain 2022)

Bronnadh Gradaim na Mac Léinn de chuid Oifig Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar na mic léinn seo a leanas ag an

searmanas bronnta ar an 11 Samhain 2022:

- Nicole Casey [BEal. (Onóracha) Bainistíocht Ealaíne] an Gradam um Bhainistíocht Straitéiseach Ealaíne;
- Vanessa Nally-Pollard [BGNó Fiontraíocht Fheidhmeach] received an Entrepreneurship Awardan Gradam Fiontraíochta;
- Sarah O'Brien [BGNó (Onóracha) Margaíocht Dhigiteach agus Díolachán] an Gradam Fiontraíochta;
- Oscar Woods [BGNó Fiontraíocht (Onóracha)] an Gradam Fiontraíochta.

###### Gradaim Mac Léinn Dáimhe na Bliana (Samhain 2022)

Fuair na mic léinn seo a leanas Dámhachtainí Mac Léinn na Bliana de chuid na nDámh ag an searmanas bronnta an 11 Samhain 2022:

- Ayesha Ahmad [BEal. (Onóracha) Grianghrafadóireacht]
- Holly Angle [BEal. (Onóracha) Dearadh 3T, Déanamh Samhaltán agus Ealaíon Dhigiteach]
- Jonathan Berkeley [BSc BEol. (Onóracha) Ríomhaireacht Chruthaitheach] Gradam Mac Léinn na Bliana ón Dámh, chomh maith le Gradam Uachtarán Mac Léinn na Bliana IEDT
- Síofra Brogan [MEal. Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse]
- Barbara Bugalska [PgDip Dioplóma Iarchéime i nDearadh Eispéireas Úsáideoirí]
- Jodi Carroll Greally [BEol. (Onóracha) Teicneolaíochtaí na Meán Cruthaitheach]
- Mehran Davoodi [MEal. Beochan 3D]

#### **Gradaim Mac Léinn Dáimhe na Bliana (ar lean)**

- Bronnadh Gradam Mac Léinn na Bliana ar Cliona Gaffrey Moran [BEol. (Onóracha) Síceolaíocht Fheidhmeach], chomh maith le Gradam Tráchtas as Sármhaitheas Acadúil dá tráchtas dar teideal “Imscrúdú Turgnamhach ar Éifeachtaí Tomhaltas Caiféin ar Chuimhne Fhinnéithe Súl”
- Mel Galley [MEal. Comhoibriú Ealaíne agus Taighde]
- Ruth Guest [MEol. Cibirshíceolaíocht]
- Celine Harding [MEol. i nDearadh Taithí an Úsáideora]
- Evelyn Hassett [BEal. (Onóracha) sa DAS — Dearadh Táirgthe]
- Ness Keeley [BEal. (Onóracha) Grianghrafadóireacht] received an Dámhachtain Aileen MacKeogh
- Gormlaith Maynes [Diplóma Iarchéime Gnó Bainistíocht Imeachtaí Cultúrtha] an Dámhachtain Chuimhneacháin Mháire Uí Riain
- Michal Mencnarowski [BEal. (Onóracha) sa DAS — Dearadh Smididh Carachtair]
- Katherine Michael [. (Onóracha) sa DAS — Dearadh Feistis]
- Clare O’Brien [BEol. (Onóracha) Ríomhaireacht Chruthaitheach] Gradam Mac Léinn Dáimhe na Bliana, chomh maith le

#### **Gradam Uachtarán Mac Léinn na Bliana IEDT**

- Elizabeth O’Brien [MEal. Dearaidh don Athrú]
- Ellen Power [MEal. Léiriú Craolacháin i gComhair Raidió agus Teilifíse]
- Tara James Power [BEal. (Onóracha) Ealaíon]
- Cormac Quinn [BGnó (Onóracha) Bainistíocht Ghnó] an Gradam Sármhaitheasa Barry McIntyre
- Michael Rogers [BEol. (Onóracha) Ríomhaireacht Chruthaitheach]
- Lauren Rush [BEal. (Onóracha) Dearadh i gCumarsáid Amhairc]
- Aidan White [MEal. Scríbhneoireacht Scáileáin i gcomhair Scannán agus Teilifíse]

#### **Dámhachtainí Urraithe (Samhain 2022)**

Fuair na mic léinn Scoile Náisiúnta Scannán seo a leanas dámhachtainí ag an searmanas bronnta an 11 Samhain 2022:

- Avery Angle [BEal. (Onóracha) Beochan] Dámhachtain Beochana do Windmill Lane Pictures;
- Callie Hardie [BEal. (Onóracha) Staidéar Nuamheáin] an Gradam ISÉ as Sármhaitheas i Léiriúchán;
- Hanna Isseyegh [BEal. (Onóracha) Ealaíon] an Dámhachtain Sparánachta Amharc-ealaíona d’Ealaíontóir Nua DLRD;





*Cillian Carroll, Kate Guilfoyle & Lauren Rush*



*Derek Ugochukwu*

#### **Dámhachtainí Urraithe (ar lean)**

- Miles Murphy [BEal. (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse] Gradam Chumann Stiúrthóirí Scannánaíochta na hÉireann;
- Jane Parsons [MGnó Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú] an Dámhachtain EisnerAmper Éireann;
- Anna Stuart [BEal. (Onóracha) Ealaíon] Dámhachtain Meantóireachta urraithe ag an IADT/Pallas Projects;

#### **Gradam Olivia Burke (Samhain 2022)**

Fuair na mic léinn seo a leanas an Gradam Olivia Burke ag an searmanas bronnta 11 Samhain 2022:

- Kate Carter [BGnó (Onóracha) Bainistíocht Ghnó]

#### **4.6.2 Dámhachtainí Seachtracha do Mhic Léinn/ Céimithe**

##### **Gradam Dearaidh Iarchéime an IDÉ (Deireadh Fómhair 2022)**

Bronnadh an Gradaim Óir mór le rá ar chéimithe seo a leanas na bliana de chuid BEal (Onóracha) an IEDT i nDearadh Amhairc-Chumarsáide ag searmanas Gradaim Iarchéime an IDÉ a reáchtáladh ar an 20 Deireadh Fómhair 2022:

- Cecilia Bonucci - Dámhachtain Ábhar Clóbhualte Seachas Leabhair, mar aon le Moladh as Clóghrafaíocht a Úsáid sa Dearadh;

- Cillian Carroll - Gradam Dearadh don Digiteach;
- Gradam Dearaidh Idirghníomhaíochta;
- Emily Daly - Gradam Grand Prix, Dámhachtain Taighde Dearaidh, chomh maith le Moladh as Táirge: Sóisialta, Féiniúlacht Bhranda, agus Dearadh Taispeántais/Marsantú Físiúil;
- Alana Drury - Gradam Féiniúlacht Branda;
- Camille Lindlahr - Gradam um Úsáid Grianghrafadóireachta;
- Lauren Rush - Gradam Léiriúcháin, mar aon Ábhar Clóbhualte Seachas Leabhair;
- James Stedmond - Gradam Leabhar Clóbhualte, mar aon le Moladh as Clóghrafaíocht a Úsáid sa Dearadh.

Ina theannta sin, fuair 10 gcéimí ó 2022 san iomlán Moltaí ag Dámhachtainí IDÉ.

##### **Dámhachtain Mhainithe Dlrd First Frames (Eanáir 2023)**

Bronnadh maoiniú ar an gcéimí seo a leanas faoi Scéim dlrd First Frames 2022/2023:

- Derek Ugochukwu (MA Scríbhneoireacht Scáileáin do Scannán & Teilifís 2019), agus Eamon Hughes [BA (Onóracha) Léiriú Scannán & Teilifíse 2020] dá ngearrscannán dar teideal "Nay Day".





Megan O'Shaughnessy, Miles Davis & Adrian Lynch, RTÉ



Avery Angle (Dingle Animation Festival)

#### 4.6.2 Dámhachtainí Seachtracha do Mhic Léinn/Céimithe (ar lean)

##### Gradaim Fhéile Scannán Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath (FSIBÁC) [Feabhra 2023]

Fuair na mic léinn seo a leanas dámhachtainí ag an FSIBÁC a bhí ar siúl ón 23ú Feabhra go dtí an 4ú Márta 2023:

- Domhnall Cotter [3ú Bliain BA (Onóracha) Léiriú Scannán & Teilifíse] Gradam don Scannán Ficsin is Fearr do “Retail”;
- Wiktorina Weintritt [1ú Bliain Beal. (Onóracha) Scannánaíocht] Gradam don Scannán Foriomlán is Fearr do “Last Seen”.

##### Dámhachtainí CTR Mac Léinn na hÉireann (Feabhra 2023)

Bronnadh gradaim ar mhic léinn agus ar céimithe an IEDT seo a leanas ag searmanas bronnta Gradam na Mac Léinn de chuid Chumann Ríoga na Teilifíse ar an 28 Feabhra 2023 i Stiúideo 4, RTÉ:

- Avery Angle [BEal. (Onóracha) Beochan] Gradam Beochana Fochéime is Fearr do “The Small Makings of a Storm”;
- Conor Bradley [BEal. (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse 2022] Gradam Scríbhneoireachta is Fearr do “Sons of Róisín”.

- Miles Davis, Michael Largey, Cait Bird, Sophie Brassil [BEal. (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse 2022] Gradam don Dráma is Fearr do “Bestial Ones”;
- Fiachra Gallagher Lawson [BEal. (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse] Gradam don Obair Ceamara is Fearr do “Bestial Ones”;
- Meghan O'Shaughnessy [4ú Bliain BEal. (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse] Gradaim don Eagarthóireacht is Fearr agus don Fhóras is Fearr do “They Killed Us for Existing”;
- Rory Sweeney [BEal. (Onóracha) Léiriú Scannán agus Teilifíse 2022] received Gradaim don Fuaim is Fearr do “Sons of Róisín”.

##### Gradaim Fhéile Bheochana an Daingin (Márta 2023)

Fuair na mic léinn agus na céimithe seo a leanas gradaim ag Féile Bheochana an Daingin a reáchtáladh ar an 24 agus 25 Márta 2023:

- Avery Angle [BEal. (Onóracha) Beochan 2022] Mac Léinn Éireannach is Fearr, 2T is Fearr, Treo/Dearadh Ealaíne is Fearr, agus Gradaim Cheoil/Dearadh Fuaim is Fearr dá gearrscannán dar teideal “The Small Makings of a Storm”;



Miles Davis, Fiachra Gallagher Lawson, Avery Angle & Bróna Nic Gabhann

#### 4.6.2 Dámhachtainí Seachtracha do Mhic Léinn/Céimithe (ar lean)

##### Gradaim Fhéile Bheochana an Daingin (ar lean)

- Domhnaill Cotter [3ú Bliain BEal. (Onóracha) Léiriú Scannán & Teilifse] Gradam Beochana is Fearr urraithe ag MILKSHAKE!, agus Duais an Scríbhneora is Fearr urraithe ag Beochan Éireann agus Acadamh Náisiúnta Tallainne don Bheochan dá gearrscannán dar teideal “His Dancing Shoes”;
- Fay-Orion Antar [4ú Bliain BEal. (Onóracha) Léiriú Scannán & Teilifse] received Gradam an Ainmneora Mhóirv do “On Eir”;
- Marta Sniezek and Christian Spurling [BEal. (Onóracha) Beochan 2021] Gradam don Stiúrthóir is Fearr do “Small Hours”

##### Dámhachtainí Mac Léinn na Ríochta Aontaithe de chuid an Chumainn Teilifse Ríoga (Meitheamh 2023)

Fuair na mic léinn seo a leanas dámhachtainí ag searmanas Gradaim Mac Léinn na Ríochta Aontaithe de chuid an Chumainn Teilifse Ríoga a tionóladh ar an 23ú Meitheamh 2023 in Institiúid Scannán na Breataine, Londain:



- Avery Angle [BEal. (Onóracha) Beochan 2022] Gradam Beochana Fochéime is Fearr, agus an Gradam Scileanna Ceardaíochta Fochéime is Fearr– Gradam Dearaidh Léiriúcháin don “The Small Makings of a Storm”;
- Miles Davis, Michael Largey, Cait Bird, Sophie Brassil [Bliain BEal. (Onóracha) Léiriú Scannán & Teilifse 2022] Gradam Drámaíochta Fochéime is Fearr don “Bestial Ones”;

#### 4.6.3 Gnóthachtálacha Mac Léinn/Céimithe

##### Taispeáint IMI den “North Circular” (Nollaig 2022)

“Taispeánadh “North Circular”, an clár ceoil faisnéise a bhuaigh duaiseanna iolracha a scríobh agus a stiúraigh Luke McManus, agus a léirigh céimithe NFS IEDT: Evan Barry, Paddy Jordan, Elena Larinova agus Fia Wren ag IMC Dhún Laoghaire ar an 11ú Nollaig 2023.

##### Comhoibriú idir an IEDT & Ceol-Acadamh Ríoga na hÉireann (Eanáir 2023)

Rinne mic léinn BA (Onóracha) Dearadh le haghaidh an Stáitse & Scáileáin agus mic léinn Dearadh Grafach, i gcomhar le Ceoldráma CARÉ, “La Liberazione di Ruggiero dall’Isola di Alcina & The Sofa” a chur i láthair ag Amharclann Samuel Beckett, Baile Átha Cliath ón 15ú go dtí an 21ú Eanáir 2023.



Ellie McDonald

### **Taispeántais “In the Making” (Feabhra 2023)**

Chuir mic léinn na 4ú Bliana BA (Onóracha) in Ealaín taispeántas dá saothar i láthair i dtrí thráthchuid dar teideal “Bainne”, “Im”, agus “Arán”. Rinne “Bainne” iniúchadh ar mheicnic ár gcaidreamh fisiceach agus meabhrach leis an domhan nádúrtha; Bhain “im” le gnéithe mothúchánacha na healáine agus a déanamh; agus rinne “Arán” fiosrú ar théamaí ar nós gliúcaíocht, tithíocht agus sráideanna. Osclaíodh na trí thaispeántas ar an 9ú, an 16ú agus an 23ú Feabhra 2023 sna Tionscadail/Stiúideo Pallas, Baile Átha Cliath.

### **Tionscadal na hÁite (Márta 2023)**

Is tionscadal taighde mac léinn-stiúrtha é Tionscadal na hÁite atá ceaptha ag Bliain 1 BA (Onóracha) in Ealaín i gcomhar le hÁras Nua-Ealaíne na hÉireann. Ag baint úsáide as ANEÉ mar áit, d’fhorbair mic léinn tionscadail taighde, ag cruthú torthaí ealaíne laistigh de stiúideonna na n-ealaíontóirí, foirgneamh an Mhúsaeim agus na tailte. Bhí taispeántas de shaothar na scoláirí ar siúl idir an 24ú agus an 28ú Márta 2023.

### **Comhdháil Síceolaíochta na Mac Léinn Uile-Éireann (Bealtaine 2023)**

Bronnadh an dara háit ar Jack Wells [4ú Bliain BSc (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach]

sa Chatagóir Cur i Láthair Béil Fochéime ag Comhdháil Síceolaíochta na Mac Léinn Uile-Éireann, a tionóladh ar an 11ú agus an 12ú Bealtaine 2023 as a thráchtas dar teideal: “Aidhm, Comhleanúnachas, Ábhar agus Ceardaíocht na Beatha: Forbairt agus Bailíochtú Idirghabháil Nuálach a Dhéanann Brí”.

### **Scoláireacht George Moore (Bealtaine 2023)**

Bronnadh Scoláireacht George Moore ar Ellie McDonald [4ú Bliain, BSc (Onóracha) sa tSíceolaíocht Fheidhmeach] i mBealtaine 2023 chun staidéar a dhéanamh do MSc Síceolaíocht Fhorbartha agus Oideachais ag Coláiste na hOllscoile Londain.

### **Scoláireachtaí Spóirt CCDLRD (Bealtaine 2023)**

Bhronn IEDT i gcomhar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin na chéad Scoláireachtaí Spóirt urraithe riamh ar 10 mac léinn IEDT i mBealtaine 2023. Rinne an deis maoinithe ceiliúradh ar na mac léinn lúthchleasaithe ar leith seo agus an ról atá ag spóirt ina saol. Ba iad na faighteoirí:

- Erasmuns Adjei [2ú bliain BBus BGNó Fiontraíocht Fheidhmeach]
- James Byrne [4ú bliain BGNó (Onóracha) Bainistíocht Ghnó]



Winners of DLRCOCO Sports Scholarships



#### Scoláireachtaí Spóirt CCDLRD (ar lean)

- Seán Kelly [4ú bliain BEal. (Onóracha) Grianghrafadóireacht]
- Michael Lambert [4ú bliain BGNó (Onóracha) Bainistíocht Ghnó]
- Scott Li [4ú bliain BEal. (Onóracha) Grianghrafadóireacht]
- Jonathan Masueme [2ú bliain BGNó Fiontraíocht Fheidhmeach]
- Oisín O'Sullivan [3ú bliain BEal. (Onóracha) Dearadh 3T, Déanamh Samhaltán agus Ealaíon Dhigiteach]
- John Renier Ubaldo [4ú bliain BEal. (Onóracha) Beochan]
- Hazel Simmons [4ú bliain BGNó (Onóracha) Bainistíocht Ghnó]

#### Taibhiú "Cluiche As Baile" (Meitheamh 2023)

Léiríodh an clár faisnéise le céimithe IEDT, Jack agus Cian Desmond [BA (Onóracha) Léiriú Scannán & Teilifíse 2019] dar teideal "Cluiche As Baile" ar TG4 ar an 1ú Meitheamh 2023. Choimisiúnaigh TG4 an clár agus ba é Jack agus Cian a stiúraigh agus a léirigh agus a rinne iniúchadh ar láithreachtaí clubanna CLG ar mhór-roinn na hEorpa .

#### "Ar Taispeáint" Ar Camchuart (Meitheamh (Meitheamh 2023)

Sheol IEDT i gcomhar le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin "Ar Taispeáint" Ar Camchuart ar an 28ú Meitheamh 2023, a chuimsíonn taispeántas de rogha saothar ó rang na gcéimithe i 2023. Reáchtáladh an taispeántas ar thailte Leabharlann na Lexicon, Dún Laoghaire agus mhair sé go dtí deireadh Lúnasa 2023.

#### Taispeántas Portráidí 'STILL I RISE: WON'T YOU CELEBRATE ME?' (Iúil 2023)

Thaispeáin an taispeántas seo 14 ghrianghraf phortráid de mhná dubha a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus seoladh é ar an 16ú Iúil 2023 i bhFiacla na gCearc, Baile Átha Cliath 8. Is é aidhm an taispeántais seo, arna chur i láthair ag mic léinn 3ú Bliana BA (Onóracha) Bainistíocht Ealaíon, agus grianghrafadóir agus stiúrthóir iarchéime, Olamide Ojegenro [BA (Onóracha) Grianghrafadóireacht 2022] in éineacht le comhchoiteann SoulSPCE, bunbhrí an phobail dhubha a ghabháil agus aird a tharraingt ar áilleacht agus neart na mban dubha a chónaíonn in Éirinn.



## 4.7 Seirbhísí agus Éascaíochtaí do Mhic Léinn 2022/2023

### 4.7.1 Coiste Airgeadais Sheirbhísí do Mhic Léinn

An 5 Samhain 2012, d'fhaomh comhaltaí Choiste Seirbhísí na Mac Léinn athrú theideal an Choiste go dtí Coiste Airgeadais Sheirbhísí do Mhic Léinn (an SSFC), i gcomhthéacs Thuarascáil 2011 an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le Ranníocaíocht an Mhic Léinn, anuas ar bhunú Fhochoiste um Éispéireas Mic Léinn na Comhairle Acadúla. Is é seo a leanas ról an Choiste Seirbhísí na Mac Léinn:

- Breithniú a dhéanamh ar mholtaí bliantúla a chuirtear faoi bhráid Fheidhmeannacht na hInstitiúide agus na moltaí sin a dhéanamh maidir le leithdháileadh cistí institiúide do sheirbhísí do mhic léinn;
- Breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar dháileadh cistiú institiúide a leithdháiltear ar sheirbhísí do mhic léinn;
- Tuarascáil bhliantúil a ullmhú lena scaipeadh ar phobal an champais;
- A chinntiú go bhfreastalaítear ar leasanna agus buarthaí mic léinn go cuí laistigh den phróiseas comhairliúcháin.

### 4.7.2 An Fochóiste um Éispéireas Mic Léinn

An 15 Deireadh Fómhair 2012, d'fhaomh an Chomhairle Acadúil bunú an Fochóiste um Eispéireas Mic Léinn chun breithniú a dhéanamh ar bheartais um fholláine mhic léinn a thacaíonn leis an mac léinn ina gcuid

foghlama, a chumasaíonn breis forbartha a dhéanamh ar thimpeallacht thacúil champais, agus a shainathníonn díriú sonrath le haghaidh idirghabhála. Ag a cruinniú an 12 Samhain 2012, d'fhaomh an Chomhairle Acadúil cónascadh Fochóiste na Leabharlainne agus an Fochóiste um Eispéireas Mic Léinn.

Is é aidhm an Choiste um Eispéireas Mic Léinn:

- Beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt agus moltaí a thabhairt orthu a bhaineann le folláine fhoriomlán mic léinn, agus tagairt don mhéid a leanas:
  - o Ranníocaíocht an mhic léinn le pobal an champais
  - o Tionscnaimh chun timpeallacht fhairsing ghairmiúil, a léiríonn meas agus chruthaitheach
  - o Cairt Foghlaimeoirí
  - o Ambasadóirí mac léinn, e.g. meantóir, scéimeanna cúnta etc.
  - o Iompar mic léinn
  - o Timpeallacht ghinearálta na hInstitiúide agus an tionchar a imríonn sí ar mhic léinn
  - o Idirghníomhú/cumarsáid idir seirbhísí/ aonaid agus ranna acadúla sonracha
  - o Tacú le mic léinn ag a bhfuil riachtanais ar Leith
- Ionchur isteach i straitéis na hInstitiúide le haghaidh Tacaíochtaí Mic Léinn agus príomh-tháscairí feidhmíochta a mholadh don chéanna;

#### 4.7.2 Student Experience Sub-Committee (Cont'd)

- Caighdeáin chúí do sheirbhísí do mhic léinn a bhunú agus a athbhreithniú i gcomhoibriú leis an soláthraí seirbhíse faoi seach, e.g., Seirbhís Sláinte, Eastáit agus Saoráidí/Oifig TFC, agus Leabharlann;
- An tuarascáil bhliantúil a fháil agus breithniú a dhéanamh uirthi ón bhFoireann Seirbhísí do Mhic Léinn agus moltaí a dhéanamh don Chomhairle Acadúil a eascraíonn ón gcéanna nuair is cuí;
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh i dtéarmaí ginearálta ar cheisteanna a eascraíonn as casaoidí/gearáin na mac léinn agus cúrsaí araíonachta a bhaineann le heispéireas iomlán an mhic léinn, agus comhairle a chur ar an gComhairle Acadúil mar is cuí;
- Tionscnaimh a bhunú nó a chur chun cinn a thacaíonn le cruthú timpeallachta a fheabhsaíonn eispéireas Institiúid na mac léinn.

#### 4.7.3 Seirbhísí do Mhic Léinn

##### 4.7.3.1 An Oifig Rochtana

Cabhraíonn an Oifig Rochtana le mic léinn faoi ghannionadaíocht agus iad ag ullmhú agus ag comhtháthú iad don oideachas trí leibhéal trí thacaíocht phearsanta, rúnda a sholáthar. Is é príomhaidhm na hOifige Rochtana ná tacú le rochtain mhéadaithe agus rannpháirtíocht san ardoideachas. Foilsíodh an Plean Náisiúnta Rochtana nua i Meán Fómhair 2022, agus tá

athshainiú déanta aige ar na spriocghrúpaí rochtana a mhúnlaeoidh obair na nOifigí Rochtana suas go dtí 2028.

Sa Phlean Náisiúnta Rochtana nua seo sainaithníodh grúpaí tosaíochta a bhfuil tearcionadaíocht acu i gcónaí san ardoideachas agus a dteastaíonn fócas agus tacaíocht bhreise uathu. Is iad seo:

- Mic léinn atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch:
  - ⇒ mic léinn a bhfuil taithí acu ar easpa dídine;
  - ⇒ mic léinn ar marthanóirí foréigean teaghlaigh iad;
  - ⇒ mic léinn a bhfuil taithí acu ar an gcóras cúraim;
  - ⇒ mic léinn ar cúramóirí iad;
  - ⇒ mic léinn a bhfuil taithí acu ar an gcóras dlí choiriúil.
- Mic léinn ar baill iad de phobail Lucht Siúil na hÉireann agus na Romach.

Tá an tOifigeach Rochtana ar fáil freisin chun comhairle agus treoir a thabhairt faoi thacaíochtaí airgeadais atá ar fáil do mhic léinn. Le linn 2022/2023, ghlac an Oifig leis na tacaíochtaí Réamhiontrála agus Iariontrála seo a leanas freisin.

##### **An tSnáithe Réamh-iontrála**

Scéim HEAR/DARE – I mí an Mhárta 2017, ghlac an Institiúid ballraíocht sna Scéimeanna maidir leis an mBealach Rochtana ar

#### 4.7.3.1 An Oifig Rochtana (ar lean)

Ardoideachas (HEAR) agus an Bealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE). Is é is aidhm leis na scéimeanna sin, atá á maoiniú ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS), cuidiú le fágáilithe scoile faoi mhíchumas agus leo siúd de chúilraí atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch rochtain a fháil ar an ardoideachas. I mí an Mheáin Fómhair 2022, chuaigh 13 mac léinn isteach in IADT trí HEAR.

#### Clár um Rochtain ar Ardoideachas (PATH) –

Clár le hAghaidh Rochtain ar an Ardoideachas (PATH) – is ciste tiomanta é PATH, arna bhainistiú ag an Údarás um Ardoideachas thar cheann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, atá tiomanta do rannpháirtíocht na ngrúpaí faoi ghanniondaíocht san ardoideachas a mhéadú:

- **PATH 2 - Sparánacht Cheannairí agus Fhoghlaimoirí 1916** - Tá an duais seo á maoiniú ag an Údarás um Ardoideachas agus soláthraítear inti Sparánachtaí ar fud na hearnála Institiúidí Teicneolaíochta chun tacú le rochtain na ngrúpaí faoi mhíbhuntáiste ar an ardoideachas a mhéadú. Tá an scéim seo láráithe anois agus tá an obair riaracháin sannta d'fhoireann tiomnaithe atá lonnaithe i COBÁC. I 2022/23 bronnadh sparántachtaí

ar 21 Mac Léinn IEDT agus ghlac 20 acu í agus cuireadh ceann amháin siar í. Fuair 6 cinn acu sin Leibhéal 1 agus ba é Leibhéal 3 an chuid eile dóibh.

- **PATH 3 - Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach** - Reáchtáladh Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach (SSEC) idir an 12 agus an 23 Meitheamh 2023. Tá Scoil Samhraidh na nEalaíon Cruthaitheach maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna trí Chnuasach Ardoideachais Cholún 1 Laighean. I measc na n-institiúidí rannpháirteacha bhí: IADT, Institiúid Oideachais Marino (MIE), Coláiste Ealaíne & Deartha MTU Crawford, Ollscoil Leighis & Eolaíochtaí Sláinte RCSI, Coláiste na Tríonóide agus UCD. Tugadh deis don lucht freastail leas a bhaint as áiteanna saor in aisce ar cheardlanna ar an gcampas ar: Líníocht le haghaidh Beochan, Grianghrafadóireacht, 3T agus Dearadh Léirithe, Priontáil agus Dearadh (Fíorúil). Bhain teorann 60 duine ó chúilraí socheacnamaíochta ísle le lion na rannpháirtithe ag an Scoil SSEC.
- **PATH 5 - For-rochtain: Tionscadail** - D'éascaigh maoiniú PATH 5 rannpháirtíocht mhéadaithe le Scoil Naomh Ciarán i mBré. Thug an scoil cuairt ar IEDT 3 huairte i mblíana, agus ar gach ócáid bhí deis ag na páistí taithí a fháil ar cheardlann i ndisciplín eile (scannán, ríomhaireacht chruthaitheach agus turas ar Thaispeántas





#### 4.7.3.1 An Oifig Rochtana (ar lean)

na gCéimithe). Tugadh cuireadh do ghrúpaí rang 5 agus 6 teacht isteach mar is céim rithábhachtach dá gcuid oideachais é (ní théann go leor leanaí óga den lucht siúil ar aghaidh chuig oideachas 2ú leibhéal). Tá nasc láidir bunaithe againn leis na hoifigigh Idirchaidrimh Scoileanna i Naomh Ciarán agus na meánscoileanna friothálacha i mBré ionas gur féidir le daltaí a théann ar aghaidh go dtí an dara leibhéal leanúint i mbun ár gcuid oibre for-rochtana trí Thionscadal Doirse Oscailte agus tionscnaimh PATH.

- **Grúpa Gníomhaíochta Lucht Siúil an Taobh Theas (GGLSTT) Tionscadal Vaigín** - Comhoibriú idirghníomhaireachta a bhí sa tionscadal seo idir Grúpa Gníomhaíochta an Lucht Siúil an Taobh Theas, Meabhairshláinte an Lucht Siúil FSS, Oifigeach Acmhainne FSS um Fhéinmharú a Chosc, Coistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (CSLDÓ), Teach an Choill (agus IEDT). Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo ná fir níos sine den Lucht Siúil ag tabhairt an traidisiúin maidir le tógáil vaigíní don ghlúin níos óige. Tá sé seo dírithe ar fhéiniúlacht chultúrtha a neartú, agus mórtas as a n-oidhreacht, as a dtiocfaidh feabhas ar fhéinfhiúntas agus meabhairshláinte feabhsaithe. Rinne beirt

mhac léinn 3ú bliain IEDT BEal. (Onóracha) Léiriúcháin Scannán & Teilifíse an próiseas a dhoiciméadú trí agallaimh le rannpháirtithe agus rinne siad scannánú ar sheoladh an Vaigín ar an 11ú Iúil. Bhí dhá bhuntáiste ag baint le rannpháirtíocht na mac léinn IEDT sa tionscadal seo, fuair rannpháirtithe GGLSTT feasacht ar IEDT agus ar na cúrsaí atá le tairiscint againn agus fuair na mic léinn feasacht ar na saincheisteanna atá roimh ghrúpaí mionlaigh agus iad ag teacht ar oideachas (agus ar sheirbhísí riachtanacha eile).

- **Maoiniú Feidhmíochta - Doirse Oscailte** - Deonaíodh maoiniú feidhmíochta don tionscadal Doirse Oscailte. Is é aidhm an tionscadail ná clár for-rochtana réamh-iontrála agus bealach isteach rochtana a chruthú a leathnóidh rannpháirtíocht san ardoideachas i measc grúpaí tearcionadaithe i bpobal Dhún Laoghaire Ráth an Dúin. Beidh fócas ar leith ag an gclár ar 5 mheánscoil áitiúil DEIS a bhfuil naisc bunaithe ag an IEDT leo.

#### An Snáithe Iar-iontrála

- **An Ciste Cúnamh do Mhic Léinn (SAF)** - In 2022/2023 fuair an tSeirbhís Rochtana €208,007 ón HEA agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa don Chiste Cúnamh do Mhic Léinn.



#### 4.7.3.1 An Oifig Rochtana (ar lean)

Chuir 135 mac léinn isteach ar an gciste, measadh go raibh 4 díobh siúd neamh-incháilithe, bhí 34 neamhiomhlán, ach bhí 197 duine díobh incháilithe le híocaíocht.

- **Seachtain Scríbhneoireachta na Mac Léinn Lánfhásta** - i Meán Fómhair na bliana 2021, cuir baill foirne ó Ionad Foghlama na Mac Léinn ceardlanna ar fáil do Sheachtain Scríbhneoireachta na Mac Léinn Lánfhásta, agus ghlac mhac léinn lánfhásta páirt san imeacht seo.
- **Fócas na Chéad Bhliana (FCB)** - is é FCB clár treoshuímh fheabhsaithe IADT do lucht na chéad bliana atá ag tosú ar choláiste, agus stiúir an Oifig é go rathúil i Meán Fómhair 2020. Is tionscnamh uile-institiúide é an clár Cúrsaí na Chéad Bliana (FYM) a thacaíonn agus a éascaíonn an 'socrú isteach' dár gcuid mac léinn uile céad bliana atá ag tosú ar choláiste. Reáchtáiltear an clár thar na chéad cheithre seachtaine de théarma an fhómhair, agus tá sé á chomhordú ag Eispéireas na Mac Léinn, Aontas na Mac Léinn IEDT agus foireann FCB agus faigheann sé tacaíocht ón bhfoireann acadúil agus ghairmiúil. In 2022/2023, roghnaíodh Ceannairí FCB ó chohórt reatha na mac léinn, agus cuireadh oiliúint ar fáil dóibh lena chinntiú go gcuirfí fáilte roimh mhic léinn a bhí ag teacht isteach ar an gcampas agus go gcuirfí eolas

cuimsitheach ar fáil dóibh. Áiríodh le clár FCB: Seachtain Ionductaithe Treoshuíomh HEAR/DARE, Seachtain na Leasa, Seachtain an Oideachais agus Seachtain na Faisnéise do Mhic Léinn Lánfhásta.

#### 4.7.3.2 Seirbhís Teicneolaíochta Cúnta

Feidhmíonn Seirbhís na Teicneolaíochta Cúnta (STC) i gcomhar le Seirbhís Tacaíocht an Míchumais, le hIonad Foghlama na Mac Léinn, leis an Oifig Rochtana, leis an Oifig TFC, leis na Dámha Acadúla agus le Teagasc agus Foghlaim chun tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn faoi mhíchumas.

- Thacaigh an STC le 183 mac léinn i 2022/2023 (méadú 4% ar an mbliain seo caite), a bhain úsáid as réimse teicneolaíochtaí, ríomhairí glúine agus bogearraí tiomnaithe Teicneolaíochta Cúnta (TC) ina measc.
- Bhí 255 choinne le mic léinn san iomlán, idir cianda nó pearsanta.
- Tá Neamhord Foghlama Sonrach (SLD) ar nós Disléicse ag formhór na mac léinn, cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar líon na ndaoine a bhfuil DCD, ASD (Neamhord de chuid Speictream an Uathachais), ADHD (Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde) agus DCD (Neamhord Comhordaithe Forbartha) agus Dyscalculia acu. Tá dhá mhíchumas nó níos mó ag 66% de dhaltai.



#### 4.7.3.2 Seirbhís Teicneolaíochta Cúnta (ar lean)

- I rith 2022/2023, cheannaigh an tSeirbhís TC ceadúnais láithreáin le haghaidh teicneolaíocht le cúnadh Grammarly Pro. Is féidir le mic léinn agus le baill foirne Grammarly Pro a shuiteáil go neamhspleách agus is príomhtheicneolaíocht é do DUF san IEDT. Ceannaíodh 21 MacBook Apple M1 i 2022/2023 chun tús a chur lena n-úsáid mar ríomhairí glúine TC.
- Lean Blackboard Ally, a cheannaigh an Institiúid i 2020, de bheith ina chuid mhór de bhonneagar TF DUF san IEDT. Is córas é a ligeann do mhic léinn léamha acadúla a íoslódáil ó Blackboard i bhformáidí éagsúla eile, mar ríomhleabhair agus comhaid fuaime. I mbliana cuireadh Léitheoir Gutha Tumtha ó Microsoft leis.
- Leantar ag tabhairt tacaíochta do dhaltai scothaosta a bhfuil riachtanais TC acu. Féadfaidh fadhbanna a bheith ag na mic léinn seo le héisteacht agus radharc na súl, leibhéil fuinnimh, laige agus eolas ar TF. Tugann sé seo geirinteolaíocht isteach mar eilimint i soláthar TC san IEDT.
- I measc na bpríomhtheicneolaíochtaí cúnta a úsáideadh in IADT le linn

2021/2022 bhí: Ríomhairí Glúine, Fóin Chliste, Táibléid, Pinn chliste (taifeadáin fuaime), Deachtafóin, micreafóin USB le haghaidh aitheantais cainte, bogearraí Óir chun Léamh & Scríobh, Breacaire Nótaí Fuaime, Clóscríobh Gutha Google agus Léitheoirí ríomh-leabhar. Is príomhacmhainn iad na leathanaigh TC ar shuíomh gréasáin an IEDT maidir le tacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus iad a oiliúint agus cumarsáid a dhéanamh leo maidir le teicneolaíocht chúnta.

#### 4.7.3.3 Ionad na nGairmeacha

Cuireann Ionad na nGairmeacha eolas, tacaíocht phraiticiúil agus treoir ar fáil do mhic léinn agus do chéimithe i bpleanáil a gcuid ghairme agus a gcuid taighde, agus i bhforbairt réamhghníomhach scileanna na hinfhostaitheachta.


- Le linn na bliana acadúla 2022/2023, chuir an IG 278 seisiún aonair agus seisiún ar líne ar fáil, chomh maith le hagallaimh duine le duine a bhain le téamaí ar nós: CVanna a Chruthú, LinkedIn, Cuardach Poist, Iarratais Poist agus Leanúint ar Aghaidh chuig an mBreisoideachas, Líonrú, Scoláireachtaí agus Agallamh/Bréag-Agallaimh

#### 4.7.3.3 Ionad na nGairmeacha (ar lean)

- Ina theannta sin, chuir an IG ceardlanna ranga agus láithreoireachtaí ar fáil ar ábhair mar: Líonrú, LinkedIn, Ag Tógáil Próifíl Phearsanta & Cur i Láthair; Inniúlachtaí, Scileanna & Cumais; CVanna/Punann a chumadh; Meicníochtaí Measúnaithe; Teicnící Agallaimh srl.
- Tá an tOifigeach Gairmeacha ina bhall de ghrúpa stiúrtha GradIreland agus bhí baint aige le cruthú, forbairt agus dearadh Mol Cruthaitheach in Aonaigh leathbhliantúla GradIreland 2022/2023 chomh maith le bheith páirteach sna clinicí CV. Seo é an chéad uair a chonaic GradIreland an próifíle mac léinn agus céimí 'Cruthaitheach' ag síniú suas don aonach. Chláraigh 253 mac léinn ón IEDT.
- Comhoibríonn an IG le IT Dhún Dealgan agus SETU Phort Láirge ag reáchtáil Imeachtaí Gairmeacha dár gcuid mac léinn agus céimithe san Earnáil Chruthaitheach. I mí Dheireadh Fómhair 2022, chruthaigh an IG Póstaer agus thug sé cur i láthair ar an 'Comhchoiteann Gairmeacha Cruthaitheacha' do Chomóradh 10 mBliana an DCCÉ.
- Le linn 2022/2023 lean an IG ar aghaidh ag tógáil MolGairmeacha IEDT, ag forbairt feidhmiúlacht conair agus ag píolótú le léachtóirí socrúcháin san IEDT. Seolann an IG

Nuachtlitir Phoist Dé hAoine gach Aoine – tá próifílí fostóra tógtha ag 160+ eagraíocht ar MolGairmeacha IEDT agus is féidir leo deiseanna a phostáil anseo, ar féidir iad a hipearnaisc dá réir sa nuachtlitir. Fásann sé seo mí i ndiaidh míosa de réir mar a thagann deiseanna isteach agus de réir mar a spreagtar fostóirí nua le bheith páirteach ann. Léiríonn an nuachtlitir freisin poist eile ar LinkedIn agus ar shuíomhanna spriocdhírthe eile, deiseanna Intéirneachta agus socrúcháin, socrúcháin agus imeachtaí atá le teacht.

- Seachtain na nGairmeacha 12ú-17ú Aibreán 2023 - chuir an CC i gcomhar le FYMMO, roinnt imeachtaí ar fáil le linn Seachtain na nGairmeacha - Plé Painéil, ar eispéireas úsáideoirí, Printiseachtaí agus Cláir larchéime le Accenture, Guidewire agus Avia, "Líonra do Lucht na n-Ealaíon agus cumhacht LinkedIn" le LinkedIn, plé painéil agus seisiún Líonraithe le Egg VFX, Black Shamrock agus OSS, RTE "Conas Obair a Fháil", Hays – Ag Tógáil Branda agus ag Díol do Scileanna, Teicneolaíocht Chruthaitheach Éireann, Cartoon Salon, agus Craoltóireacht Lasmuigh le TVM.
- Críochnaíodh Suirbhé Torthaí larchéime an IEDT 2022 agus tá sé ar fáil ar shuíomh gréasáin an IEDT; baineadh ráta freagartha de 82% amach.



#### 4.7.3.4 Seirbhís Tacaíochta Míchumais (STM)

Tá sé mar aidhm ag an Oifig Míchumais cuimsiú, abhcóideacht agus rannpháirtíocht ghníomhach i saol an choláiste a chur chun cinn. Soláthraíonn an tseirbhís rochtain chomhionann ar oideachas do mhic léinn IADT a bhfuil raon míchumas agus riochtaí meabhairshláinte orthu.

Tá an STM tiomanta do phrionsabal an Dearaidh Uilíoch san Fhoghlaim a chur i bhfeidhm, a spreagadh agus cuidiú le cur i bhfeidhm an phrionsabail sin chomh maith, mar an chéad fhreagra chun an rochtain a dheimhniú ar chlár foghlama laistigh de IADT. Tá ról lárnach ag an DSS maidir le caidrimh uathúla a bhainistiú le gach mac léinn, agus dúshlán míchumais sa timpeallacht ardoideachais a shainiú agus a thuiscint.

- Ag tús na bliana acadúla 2022/2023, chláraigh 282 mhac léinn (11.3%) san iomlán leis an STM, ar dhearbhaigh 93 díobh dhá mhíchumas nó a thuilleadh. As líon na mac léinn cláraithe, ba cláraithe mic léinn nua iad 87 acu - críochnaíodh measúnú na riachtanas agus Achoimre ar Phróifíl na Riachtanas ar gach duine acu.
- I rith na bliana acadúla, freastalaíodh ar 165 coinne tacaíochta mac léinn san iomlán sa STM.
- I mbliana tríd an mBealach Rochtana ar Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas (DARE), bhí 72 iarratasóir incháilithe DARE ag an IEDT, ar chláraigh 42 acu leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais (58%).
- Mar a chonacthas sna blianta roimhe seo, tá méadú ag teacht ar chastacht mhíchumais na scoláirí. As 282 mac léinn incháilithe CMLM, tá 93 mac léinn cláraithe le dhá mhíchumas nó níos mó. Soláthraíonn an tábla thuas léiriú amhairc ar na catagóirí míchumais, lena n-áirítear iad siúd a chláraigh le míchumas tánaisteach. Ar aon dul leis na blianta beaga anuas, tá Sain-mhíchumas Foghlama fós ar an gcatagóir is mó míchumais san IEDT (príomhúil = 90, tánaisteach = 12). Tá an dara catagóir is mó, Meabhairshláinte (príomhúil = 57; tánaisteach = 21) ag méadú i gcónaí. Tá méadú freisin ar an gcatagóir NHEA (57 mac léinn san iomlán); is méadú 11% é seo ar an mbliain seo caite.
- D'oibrigh Próifíl na Riachtanas an STM go dlúth leis an bhfoireann teagaisc, an Ceann Teagaisc agus Foghlama, TF agus an tOifigeach Idirchaidrimh um Chosaint Sonraí chun bealach níos éifeachtaí a tháirgeadh chun doiciméid Phróifíl na Riachtanas a chur in iúl agus prionsabail RGCS á gcoinneáil ag an am céanna.



#### 4.7.3.4 Seirbhís Tacaíochta Míchumais (ar lean)

- Éascaíodh socruithe cuí do scrúduithe agus rinneadh idirchaidreamh le hOifig na Scrúduithe. Cuireadh na socruithe scrúdaithe seo a leanas i bhfeidhm: tarscaoileadh litrithe agus gramadaí, léitheoir, úsáid ríomhaire, ionaid scrúdaithe eile, am breise agus sosanna scíthe.
- I mí an Mhárta 2023, d’eagraigh an STM an tSeachtain Néara-Éagsúlachta i gcomhairle le hIonad Foghlama na Mac Léinn, Aontas na Mac Léinn, agus Ionad Sláinte na Mac Léinn chun feasacht a ardú agus glacadh i measc na foirne agus na mac léinn.
- Fuair IEDT maoiniú DUF PATH 4 tríd an ÚAO agus chuir siad moladh isteach a rinne cur síos ar thionscadail éagsúla, ceann acu sin ná soláthar agus suiteáil dhá faighneog céadfacha.
- I rith 2022/2023, thug an STM na ceardlanna agus na cainteanna seo a leanas, i gcomhar le Teagasc agus Foghlaim:
  - ⇒ Seisiún faisnéise chun an STM a chur chun cinn do mhic léinn na chéad bhliana ar chúrsaí éagsúla

chun infheictheacht agus feasacht seirbhíse a chruthú.

- ⇒ Lá Ionduchtaithe HEAR & DARE á óstáil ag an STM agus an Oifig Rochtana.
- ⇒ Seisiún “Athnuachana PONS” don Roinn Fiontraíochta.

#### 4.7.3.5 Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn (SCML)

Cuireann Seirbhís Comhairleoireachta na Mac Léinn tacaíocht shíceolaíoch gearrthéarmach, bunaithe ar fhianaise, ar fáil do gach mac léinn cláraithe san IEDT. Sé príomhaidhm na seirbhíse ná tacaíocht aonair a sholáthar, le haidhmeanna tánaisteacha an t-oideachas síceolaíochta a chur chun cinn agus an fheasacht a chothú ar líne. Feidhmíonn an tseirbhís ar mhúnla tacaíochta sé sheisiún.

Soláthraíonn comhairleoir lánaimseartha amháin an tseirbhís, le tacaíocht ó chomhairleoir seisiúnach páirtaimseartha amháin. Tá an SCML tiomanta do thacaíocht a thabhairt do riachtanais síceolaíochta mhic léinn an IEDT agus ar an gcuma chéanna cumas méadaithe na mac léinn a chumasú chun féinrialú agus chun déileáil leo.

#### 4.7.3.5 Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn (ar lean)

- Le linn 2022/2023, bhí 827 seisiún tacaíochta aonair sceidealaithe le mic léinn. Chuaigh 252 mac léinn i dteagmháil le Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn an IEDT. As na seisiúin a bhí sceidealta, freastalaíodh ar 79% de na coinní.
- B'í imní phearsanta síceolaíochta (sí sin, imní, dúlagar srl.) an chúis ba mhinicí a bhí ag na mic léinn, chomh maith le saincheisteanna teaghlaigh pearsanta, achrainn caidreamh idirphearsanta, méala agus cailteanas, féinmheas lag, uaigneas, buarthaí acadúla agus imní síceolaíochta a bhain ar leith le hinscne/gnéasacht.
- I Mí Samhain na bliana 2022, chuir Comhairleoir na Mac Léinn seimineár uair an chloig ar fáil do gach mac léinn de chuid Bhliain 1 i nDámh na Scannán, na hEalaíne agus na Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha. Mar chuid den seimineár gréasáin, bhí ábhar sícoideachasúil maidir le féinchúram, le contanam na meabhairshláinte, Spás na

Caoinfhulaingthe, Croí na Folláine agus Nósanna Neamhchabhreacha na Smaointeoireachta.

- Shainaithin 2023 acmhainní níos leithne chun mic léinn a fheistiú a thuilleadh le creat den sórt sin atá dírithe ar dhéileáil agus folláine trí ardán cúnamh mac léinn ar líne ar éileamh a chur ar fáil do shláinte mheabhreach agus fhisiciúil, arna éascú ag soláthraí seirbhíse seachtrach Spectrum Life.
- I mí Aibreáin 2023, rinne an IEDT ailíniú foirmiúil agus cleamhnacht le NiteLine. Is seirbhís líne chabhreach faoi stiúir oibrithe deonacha iad NiteLine. Tá Niteline ar fáil do mhic léinn ó choláistí cleamhnaithe le teagmháil a dhéanamh idir 9in – 2.30rn gach oíche le linn am téarma.
- Oiliúint Feasachta ar Fhéinmharú SafeTALK – i Meán Fómhair 2022, d'éascaigh an SCML, i gcomhar leis an Oifigeach Oiliúna & Forbartha Foirne, oiliúint SafeTALK ar an gcampas, le 16 duine i láthair.



#### 4.7.3.5 Seirbhís Chomhairleoireachta na Mac Léinn (ar lean)

- Cuireann Comhairleoir na Mac Léinn an rogha atreoraithe seachtrach ar fáil d'aon mhac léinn a bhfuil na seisiúin leithdháilte acu críochnaithe. Tá na hionaid a aithníodh agus a úsáideadh lonnaithe i nDún Laoghaire agus i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath faoi seach. Déantar tairiscintí teiripe ar líne saor in aisce agus ar chostas íseal a chur in iúl do mhic léinn freisin, ar bhonn cás ar chás.

#### 4.7.3.6 Ionad Sláinte na Mac Léinn (ISML)

Cuireann Ionad Sláinte na Mac Léinn (ISML) seirbhís chuimsitheach an leighis agus an altranais ar fáil atá ar oscailt do gach mac léinn lánaimseartha agus dóibh siúd cláraithe leis an MEal. Cuireann an Dr Nina Byrnes (Generation Health), lena Dochtúirí Teaghlaigh Comhlach, tacaíocht leighis ar fáil ar an gcampas agus lasmuigh de. Ina theannta sin, tá Altra ar fáil 5 lá sa tseachtain ar an gcampas i rith na bliana acadúla.

- Soláthraíonn an tseirbhís altranais, atá saor in aisce, tacaíocht chliniciúil agus mhothúcháinach do mhic léinn, triáise do riachtanais ghéarchúraim, measúnú agus cúram mionghortuithe, agus


gníomhaíochtaí agus tionscnaimh um chothú sláinte agus folláine. Thugamar faoi deara méadú ar chomhairliúcháin mheabhairshláinte agus trasinscne i rith na bliana seo.

- Bhí iomlán de 596 Comhairliúchán Dochtúirí Ginearálta sceidealaithe le linn na bliana acadúla, chomh maith le 841 Comhairliúchán Altra. Is iad tástálacha fola agus scagthástálacha IGT na comhairliúcháin is coitianta.
- Tá an tAltra ISML ina ball de thionscnamh Campas Sláinte an IEDT agus le linn 2022/2023 ghlac sí páirt i roinnt cur chun cinn sláinte tras-champais.
- Le linn 2022/2023, d'éascaigh foireann ISML dáileadh na gcoiscíní saor in aisce ar mhic léinn mar chuid den Scéim Náisiúnta um Dháileadh Coiscíní.

#### 4.7.3.7 Ionad Foghlama na Mac Léinn

Tá Ionad Foghlama na Mac Léinn ag cur seirbhís tairisceana ar fáil ó 2019 tríd an tSeirbhís Tacaíochta um Shíceolaíocht Oideachais (STSO) den Líonra Náisiúnta Foghlama (LNF). Is seirbhís faoi stiúir na síceolaíochta é an LNF EPSS, a sholáthraíonn foghlaim acadúil chuimsitheach, tacaíocht

## Support provided by SLC broken down by disability 2022-23



### 4.7.3.7 Ionad Foghlama na Mac Léinn (ar lean)

shóisialta, eagrúcháin agus shíceolaíoch do mhic léinn in institiúidí ardoideachais, lena n-áirítear IEDT, Ollscoil Mhá Nuad, COC, OTBÁC, CNED agus an BOOCBÁC. Cuireann an tseirbhís tacaíocht ar fáil do gach mac léinn ar fud an IEDT lena n-áirítear iad siúd atá cláraithe leis an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais.

- Tá foireann an IFML déanta suas de Síceolaí Cairte, Síceolaí Cúnta agus Teagascóir Matamaitice páirtaimseartha. Ina theannta sin, tacaíonn Príomhshíceolaí Oideachais agus foireann Sheirbhís Tacaíochta Oideachais an LNF leis an tseirbhís go seachtrach.
- Sa bhliain acadúil 2022/23 bhí an líon is mó mac léinn ag plé leis an IFML go dtí seo. Ar an iomlán, tháinig méadú 6% ar líon na mac léinn a bhí cláraithe leis an tseirbhís. Tháinig méadú 42% ar theagmhálacha leis an tseirbhís. Tháinig méadú suntasach de 43% ar sheisiúin choinní aonair freisin.
- Thug an IFML faoi deara freisin go bhfuil méadú ar chastacht na mac léinn a thagann i láthair, a dteastaíonn tacaíocht

leanúnach uathu, chomh maith le comhoibriú rialta le seirbhísí tacaíochta mac léinn eile agus leis an bhfoireann acadúil.

- I rith 2022/2023, áiríodh sna catagóirí míchumais a chláraigh mic léinn in IADT:
 

⇒ ADD/ADHD	24%
⇒ Neamhord ar Speictream an Uathachais	11%
⇒ Deacrachtaí Meabhairshláinte	9%
⇒ Neamhoird iolracha	33%
⇒ Deacrachtaí Foghlama ar Leith	14%
⇒ Rudaí Eile	8%
- Seo a leanas miondealú na dtacaíochtaí ar bhain na mic léinn leas astu le linn na bliana 2022/2023:
 

⇒ Tacaíocht acadúil	48%
⇒ Matamaitic	15%
⇒ Tacaíochtaí Measctha	37%
- Ag tús na bliana acadúla, chuir bail foirne ón IFM seisiúin ionductaithe ar fáil do mhic léinn na chéad bhliana agus reáchtáil siad ceardlanna do mhic léinn lánfhástata agus do mic léinn HEAR/DARE.

#### 4.7.3.7 Ionad Foghlama na Mac Léinn (ar lean)

- Chuir foireann an IFM ceardlann Sheachtain na Scríbhneoireachta ar fáil do Mhic Léinn Lánfhásta na bliana 2021/2022.
- ⇒ Feachtas Ríomhphoist — seoltar nuachtlitir gach bliain chuig gach iarratasóir LOI, gach scoil agus gach mac léinn a d'fhreastail ar an Lá Oscailte, ar Higher Options, agus ar na Seisiúin Spotsolas (thart ar 4,000 mac léinn).
- ⇒ Feachtais Meán Sóisialta - bhí fógraíocht ar ardáin mar Meta, TikTok, Google, YouTube, srl.
- ⇒ Foilseacháin — cuireann an Oifig Margaíochta na hábhair agus na foilseacháin bolscaireachta comhtháite agus nasctha seo a leanas ar fáil ar bhonn bliantúil: Réamh-eolaire, Treoirlínte Punainne, Lámhleabhar na Mac Léinn, Cairt an Fhoghlaimeora, Póstaer Scoile, Comhthabacht Iarchéime, Cárta Poist an LOI srl.



## 5.8 Tionscnaimh/Forbairtí Campais

### 5.8.1 Foirgneamh Digiteach Nua

I mí na Samhna 2017, áiríodh Foirgneamh Teagaisc na Meán Digiteach IEDT in aon thionscadal déag a saináithníodh le haghaidh maoinithe mar chuid de Chlár Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí (CPP) €200 milliún don earnáil ardoideachais. Cuirfidh an foirgneamh spás ar fáil chun tacú le cláir chruthaitheacha, dhigiteacha agus teicneolaíochta agus iad a fhás, chomh maith le bialann campais 600 suíochán agus spásanna foghlama neamhfhoirmiúla a sholáthar.

I mí na Samhna 2019, rinne an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) agus an tÚdarás um Ardoideachas próiseas tairisceana don Fhoireann Tionscadail. Aithníodh tairgeoir tosaíochta (Comhpháirtíocht Enbarr) i Meán Fómhair 2020, agus síníodh conradh leo i mí na Nollag 2022. Ar an 2ú Eanáir 2023, ghlac Conraitheoir CPP Co Works (JJ Rhatigan) seilbh ar an suíomh ar champas IEDT. Le linn 2022/2023, rinneadh dul chun cinn maith ar an obair thógála, agus tá an tionscadal le bheith críochnaithe faoin 20ú Eanáir 2025.

Nuair a bheidh an tionscadal críochnaithe, seachadfar 7,208 méadar cearnach breise de spás urláir, agus cóiríocht san fhoirgneamh do 920 mac léinn i spásanna ranga, 345 mac léinn i spásanna suíocháin chomhoibríochta/sóisialta ar gach urlár, chomh maith le 600 duine sa bhialann.

### 5.8.2 Leabharlann Carnegie


Ar an 6ú Nollaig 2022, shínigh an IEDT Meabhrán Tuisceana agus Comhaontú Ceadúnais le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (CCDLRD) chun cur ar chumas na hInstitiúide áitiú i bhfoirgnimh Leabharlann Carnegie agus Bóthar na Leabharlainne i nDún Laoghaire. Le linn 2023, thosaigh CCDLRD ag ullmhú na n-oifigí le haghaidh áitíochta ag foireann an IEDT go déanach i 2023/go luath i 2024.

## 5.9 Tuarascáil Bainistíochta Fuinnimh

### 5.9.1 Energy Awareness Campaign

Le linn 2022/2023, lean IEDT lena chomhpháirtíocht le feachtas Fuinneamh a Bharrfheabhsú san Ionad Oibre an OOP, agus reáchtáil sé Lá Feasachta Fuinnimh ar an 11ú Márta 2023. Díríodh go príomha ar fheasacht a ardú ar conas fuinneamh a chaomhnú.

Energy Use kWh	2023	2022	2021	2020	2019	2018
Gas	2068000	2130000	2275788	2147267	2286567	2379600
Electricity	1488000	1620000	1445687	1381857	1809565	1939692



#### 5.9.1 Feachtas Feasachta Fuinnimh (ar lean)

Leantar ar aghaidh le méadrú agus monatóireacht a dhéanamh ar Úsáid Fuinnimh ar bhonn míosúil agus bearta á ndéanamh chun ídiú ar an gcampas a laghdú dá bharr. Le linn na bliana acadúla, eisíodh fógraí don fhoireann ag iarraidh go mbainfí aon trealamh plugála neamhúdairithe agus go múchadh/díphlugáil trealamh leictreach údairithe lasmuigh d’uaireanta nuair ab fhéidir d’fhonn laghdú a dhéanamh ar ídiú fuinnimh ar fud an champais.

#### 5.9.2 Tomhaltas Fuinnimh

Le linn na bliana acadúla 2022/2023, b’ionann tomhaltas leictreachais agus thart ar 1,488 MWh, laghdú 21% ón mbliain bhonnlíne de 2018/2019. B’ionann tomhaltas gáis le linn 2022/2023 agus thart ar 2,068 MWh, laghdú 17% ón mbliain bhonnlíne de 2018/2019. Laghdaíodh tomhaltas fuinnimh iomlán na hInstitiúide do 2022/2023 faoi 12% ón mbliain acadúil roimhe sin.

#### 5.9.3 Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide

I mí an Mhárta 2023, chomhaontaigh Foireann Feidhmiúcháin an Fhorais Treochlár um

Ghníomhú ar son na hAeráide an IEDT, agus d’fhaomh an Bord Rialaithe é ar an 10ú Bealtaine 2023. Is doiciméad é an Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide a chuir gach comhlacht san earnáil phoiblí in iúl, a léiríonn conas atá sé mar aidhm ag gach comhlacht poiblí ceanglais an tSainordaithe um Ghníomhú ar son na hAeráide 2022 (an Sainordú) a chomhlíonadh agus a spriocanna éifeachtúlachta carbóin agus fuinnimh 2030 a bhaint amach. I mí an Mheithimh 2023, fuair an Institiúid cúnamh ó Liam McKenna ó Mazars chun tacú leis an IEDT chun obair a chur chun cinn chun oibleagáidí faoi Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar son na hAeráide a chomhlíonadh.

#### 5.9.4 Bithéagsúlacht ar an gCampas

I rith 2022/2023, chomhordaigh an Oifig Eastát & Saoráidí dúlrú dhá limistéar féir lena n-áirítear cosán féir go dtí aghaidh an champais, chun éiceolaíocht, bithéagsúlacht agus pailniú a fheabhsú.

### 5.9.5 Eispéireas na Mac Léinn agus na Foirne

Lean an Oifig Eastát agus Saoráidí dá ran-pháirtíocht leis an bhfoireann agus le mic léinn le linn na bliana acadúla 2022/2023 chun a dtaithe ar an gcampas a fheabhsú. Mar thoradh air seo rinneadh roinnt tionscadal a chomhordú agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- Limistéar ceapóg ardaithe Gairdín na Mac Léinn tógtha agus ullmhaithe le plandáil ag na mic léinn tríd an scéim N-TUTORR.
- Fuarthas agus socraíodh foireann fichille ollmhór i gclós na Cearnóige le húsáid ag gach duine.
- Soláthraíodh giomnásiam lasmuigh le suiteáil pleanáilte ar an gcampas go luath i 2024.
- Spás Leasa nua Aontas na Mac Léinn a sholáthar le haghaidh comhairliúcháin phríobháideacha i bhfoirgneamh na Cearnóige.
- Teagmháil leanúnach le foireann N-TUTORR ar shuíomh oiriúnach na mbothán/faighneoga atá á soláthar faoi láthair.
- Stáisiún Micreathonnta a sholáthar i limistéar suíocháin an Aitriam chun tacú le mic léinn.
- Suiteáil imbhalla aeir dorais thar phríomhbhealach isteach an Aitriam chun

dul i ngleic le dréachtaí aeir sa limistéar suíocháin.

### 5.9.6 Mionoibreacha

Le linn 2022/2023, rinneadh na mionoibreacha seo a leanas:

- Paisteáil agus péinteáil ballaí conaire agus doirseí gClós na Cearnóige agus sna Aitriam le linn 2023.
- Athnuachan ar aonaid Ciúb na Meáin do thionónta nua Feabhra/Márta 2023.
- Deisiúchán agus athsholáthar clúdaigh dúnphoill i gclós Fhoirgneamh na Cearnóige i mí an Mhárta 2023.
- Críochnaíodh obair shuirbhé agus deisiúcháin chun dul i ngleic le sceitheanna ó dhíon fhoirgneamh an Aitriam go seomraí éagsúla ar an 2ú hurlár i samhradh na bliana 2023.
- Críochnaíodh seirbhís cothabhála Meicniúil Bliantúil i mí Iúil 2023.
- Críochnaíodh seirbhís cothabhála Aláirim Dóiteáin agus Soilsíú Éigeandála Ráithiúla le linn 2023.
- Críochnaíodh seirbhís cothabhála ardaitheoir ráithiúla le linn 2023.
- Deisiúcháin déanta ar roinnt doirse dóiteáin ar fud an champais.

### 5.9.5 Mionoibreacha (ar lean)

- Athchumhdaigh Troscáin in urlár na talún an Aitriam i rith an tsamhraidh 2023.
- Inmheánach an Champais a sciúradh i rith an tsamhraidh 2023.
- Péinteáil Taobh amuigh de Stiúideonna 3T agus Fostáisiúin Leictreacha i rith an tsamhraidh 2023.
- Athnuachan ar chosáin an champais agus síneadh ar chosán coisithe go dtí Ionad Oideachais na Carraige Duibhe.
- Nasc cosáin nua curtha isteach chuig soilse coisithe ar Ascaill na Cille.
- Nuashonraíodh sárghrafaicí agus athsholáthraíodh iad i staighrí Fhoirgneamh na Cearnóige.

### 5.10 Bainistíocht Sábháilteachta

#### 5.10.1 Oiliúint Sláinte & Sábháilteachta

Le linn na bliana acadúla 2022/2023, d'fhreastail na baill foirne ábhartha ar na cúrsaí sábháilteachta seo a leanas (a tionóladh ar líne agus go pearsanta):

- Oiliúint Feasachta ar Fhéinmharú Safetalk (Meán Fómhair 2022)
- Oiliúint Feasachta Sláinte Cíche (Deireadh Fómhair 2022)

- Oiliúint ar Láimhsiú Sábháilte (Samhain 2022)
- Oiliúint um Shábháilteacht ó Dhóiteán do bhaill foirne na hOifige Eastát agus Saoráidí (Aibreán 2023)
- Oiliúint Marascal Dóiteáin (Bealtaine 2023)
- Oiliúint Marascal Dóiteáin (Bealtaine 2023)

Ina theannta sin, mar chuid den Lá Náisiúnta um Fholláine san Áit Oibre ar an 28ú Aibreán, 2023, cuireadh roinnt seimineáir gréasáin ar líne ar fáil do bhaill foirne lena n-áirítear:

- Conas Smacht a fháil ar do Sheachtain
- Breithiúnas Meabhairshláinte san Ionad Oibre
- Aireachas ag an Obair
- Conas a ithe le bheith 100 bliain d'aois
- Cuir tús le do Fholláine

#### 5.10.2 Sábháilteacht ó Dhóiteán & Druileanna Dóiteáin/Gníomhachtú Aláram

Ar an 27ú Aibreán 2023, rinneadh Druileanna Dóiteáin i bhFoirgnimh an Atrium, na Cearnóige agus an SNS; agus i bhFoirgnimh Ciúb na Meán ar an 19ú Iúil 2023.

#### 5.10.2 Sábháilteacht ó Dhóiteáin & Druileanna Dóiteáin/Gníomhachtú Aláirim (ar lean)

Le linn na bliana acadúla 2022/2023, tharla ocht ngníomh aláirim dóiteáin san iomlán: ceithre cinn acu de bharr brathadóirí deataigh lochtacha; ba chonraitheoirí a bhí ag obair ar an gcampas a spreag ceann amháin díobh, agus trí cinn a bhí i gceist le gníomhachtú brathadóirí deataigh. D'fhreastail an Bhriogáid Dóiteáin ar an gcampas ar shé cinn de na hócáidí seo.

Ina theannta sin, cuireadh tús le tástáil chóras aláirim dóiteáin sheachtainiúil chun a fhíorú go bhfuil sé ag oibriú i gceart, de réir na reachtaíochta. Le linn 2022/2023, eisíodh fógra chuig an bhfoireann agus na mic léinn go léir ag cur in iúl go bhfuil cosc ar luchtú agus stóráil r-scútar agus r-rothair laistigh d'fhoirgnimh an champais mar gheall ar an mbaol suntasach a bhaineann le foinse dóiteáin agus pléasccháí (ceallraí agus luchtairí ian litiam).

#### 5.10.3 Tuairisciú Reachtuil ar Thimpistí agus Teagmhais

Le linn na bliana acadúla 2022/2023, tharla ocht dtimpiste ar champas IEDT, agus tharla timpiste amháin lasmuigh den champas. Cuireadh cóir

leighis ar na páirtithe gortaithe ar an láthair, nó sa Roinn Timpistí agus Éigeandála. Níor ghá aon cheann de na timpistí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Níor tharla aon teagmhas intuairiscithe ar an gcampas le linn 2022/2023.

#### 5.10.4 Ráiteas Sábháilteachta

Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar an Ráiteas Sábháilteachta reachtuil i mí na Samhna 2022 agus i mí Feabhra 2023.



# 6

## Pearsanra

### 6.1 Líon Foirne

Tá na figiúirí thíos bunaithe ar ríomhanna Coibhéiseacha Ama Iomlán (WTE) agus tá poist féin-mhaoinithe iontu amhail an 31 Meán Fómhair 2023:

Chatagóir Foirne	2022/2023
• Acadúil	124
• Bainistíocht Lárnach, Riaracháin agus Seirbhísí	73
• Tacaíocht Theicniúil	<u>18</u>
<b>Total</b>	<b>215</b>

Is ionann iomláin na CFL thuas agus líon foirne de 357. Chomh maith leis an méid thuas, fostaíonn an Institiúid iomlán de 59 ball foirne Taighde CFL.

In 2009, chuir an Rialtas na Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Uimhir 2) i bhfeidhm ina ndéantar foráil le haghaidh uasteorainn rialaithe fostaíochta don IADT. Don 2022/2023, b'ionann an tuaslíon agus 240.7 Coibhéis Lánaimseartha le haghaidh IADT maidir le poist croíchistithe.

### 6.2 Comhionannas agus Éagsúlacht

#### 6.2.1 Rialachas & Maoirseacht

Aithníonn an Institiúid gur chóir go mbeadh tionchar ag ár struchtúir rialachais agus cinnteoireachta – agus go dtiomáinfidh siad

an dul chun cinn - maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú (CÉI) do mhic léinn agus don fhoireann agus dár bpobal níos leithne de pháirtithe leasmhara. Chuige sin, tá roinnt grúpaí bunaithe chun cabhrú leis an IEDT ina cuid dualgas CéI, cearta daonna, agus dínit agus meas a chur chun cinn:

- **An Coiste CéI** - i mí na Nollag 2020, d'fhormheas Bord Rialaithe an IEDT athbhunú an Choiste CéI (Coiste Athena Swan roimhe seo). Is é cuspóir an Choiste CéI ná cabhrú leis an mBord Rialaithe a fhreagrachtaí maoirseachta a chomhlíonadh chun dea-struchtúr rialachais a chinntiú agus chun ceannaireacht agus cuntasacht a sholáthar don CéI i ngach gné de ghníomhaíochtaí na hInstitiúide. Buaileann sé le chéile ar a laghad dhá uair in aghaidh na bliana acadúla agus tá comhalta seachtrach den Bhord Rialaithe ina chathaoirleach air. I measc na gcomhaltaí tá ionadaithe an Bhoird Rialaithe, ball seachtrach, triúr ball foirne, an tUachtarán, an Bainisteoir CéI, Oifig Leasa & Chomhionannais AMLIEDT, agus beirt ionadaí mac léinn (duine amháin ó gach Dámh).
- **Foireann Féinmheasúnaithe Athena Swan (FFM)** - Tiomáineann FFM Athena Swan cur i bhfeidhm Chairt Athena Swan san



### 6.2.1 Rialachas & Maoirseacht (ar lean)

Institiúid. Áiríonn an FFM ionadaíocht ón bhFoireann Acadúil agus ó Fhoireann PMASS agus léiríonn sé go ginearálta próifíl inscne na bhfostaithe. Déanann Oifig AMLIEDT ionadaíocht ar na mic léinn. Tugann an FFM tuairisc leathbhliantúil don Bhainisteoir CÉI agus cuireann sé tuarascáil mhíosúil ar fáil freisin ar chur i bhfeidhm gníomhartha Athena Swan chuig Feidhmeannach an IEDT agus chuig Foireann Bainistíochta Lárnach an IEDT.

- **Grúpa Oibre IEDT chun Toiliú a Chur Chun Cinn & Foréigean Gnéis a Chosc (PROPEL)** - ag teacht le ceanglais náisiúnta, tá Grúpa Oibre IEDT PROPEL ag obair chun an Creat um Chomhaontú agus Críoch a chur le Foréigean Gnéasach agus Ciapadh in Institiúidí Ardoideachais, 2022-2024 a chur i bhfeidhm. Áirítear ar an mballraíocht: Foireann Acadúil IEDT (duine amháin as gach Dámh), Foireann PMASS i róil a bhaineann le mic léinn, CÉI, AMLIEDT, AD, agus Comhairle Náisiúnta na mBan (CNB) mar ionadaí seachtrach. Tuairiscíonn an Grúpa Oibre go leathbhliantúil do Choiste CÉI an Bhoird Rialaithe tríd an mBainisteoir CÉI (Cathaoirleach PROPEL).

- **Tuairisciú Impleachtaí CÉI** - ó 2019, tá CÉI san áireamh mar mhír sheasta ar an gclár oibre do phríomhstruchtúir agus do phríomhchoistí ceannaireachta an IEDT. Tugann sé seo deis do chathaoirligh agus do chomhaltaí breathnú siar ar na cinntí a rinneadh le linn an chruinnithe agus aon saincheisteanna a bhaineann le CÉI/Rochtain a thabhairt faoi deara. Cuireann an Bainisteoir CÉI béim ar shaincheisteanna criticiúla agus tuairiscítear iad don Uachtarán gach trí mhí. Faigheann Coiste CÉI Bhord Rialaithe an IEDT tuarascáil leathbhliantúil ar an bpróiseas seo, lena n-áirítear míreanna atá fós gan réiteach.

### 6.2.2 Cairt Athena SWAN

I mí Mheán Fómhair 2022, bronnadh creidiúnú cré-umha Athena Swan ar an Institiúid tar éis iarratas rathúil i mí an Mheithimh 2022. Déanann painéal seachtrach piaraí in earnáil ardoideachais na hÉireann athbhreithniú ar na hiarratais agus déanann Advance HE maoirseacht orthu.

Go suntasach, ba é IEDT an chéad institiúid ardoideachais in Éirinn a bhain dámhachtain amach faoi phrionsabail nua Chairt Athena Swan d'Éirinn. Arna fhoilsiú i 2021 tar éis comhairliúcháin náisiúnta, tairgeann

### 6.2.2 Cairt Athena SWAN (ar lean)

an Chairt nua creat chun comhionannas a chur chun cinn in institiúidí ardoideachais agus taighde atá uathúil d'Éirinn. Is é an cuspóir atá ann ná tacú le hobair chomhionannais inscne atá éifeachtach agus inbhuanaithe don fhoireann agus do mhic léinn agus chun cumas a thógáil do thionscnaimh chomhionannais atá bunaithe ar fhianaise ar chúiseanna comhionannais breise atá cumhdaithe i reachtaíocht na hÉireann.

D'aontaigh an painéal seachtrach le comhdhearcadh gur léirigh aighneacht an IEDT na ceanglais chun na critéir don Chré-umha a chomhlíonadh trína:

- Cur síos agus struchtúir phleanáilte agus ar phróisis chun tacú le hobair chomhionannais inscne agus obair chomhionannais níos leithne agus iad a aithint;
- Aitheantas bunaithe ar fhianaise ar na saincheistanna agus na deiseanna atá roimh an Institiúid;
- Plean Gníomhaíochta CÉI ceithre bliana chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna aitheanta.

Ó mhí an Mheithimh 2023, sonraítear thíos stádas cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta CÉI:

- Tá 2% (2) de na gníomhartha curtha i gcrích go rathúil;
- Tá 50% (42) de na gníomhartha

leanúnach nó ar siúl;

- Tá 26% (22) de na gníomhartha sceidealaithe le bheith críochnaithe i 2023/2024;
- Tá 21% (18) de na gníomhartha beartaithe do dháta níos déanaí.

Faigheann Coiste CÉI an Bhoird Rialaithe tuarascálacha leathbhliantúla ar dhul chun cinn ón mBainisteoir CÉI. Sásaíonn an Plean Gníomhaíochta do Athena Swan riachtanais CÉI an Choimisiúin Eorpaigh, an ÚAO agus gach gníomhaireacht maoinithe taighde mór in Éirinn.

### 6.2.3 Anti-Racism/Race Equality

I mí an Mhárta 2023, bhí IEDT ar cheann de na chéad Institiúidí Ardoideachais a chláraigh do Phrionsabail Frithchiníochais an ÚAO d'Institiúidí Ardoideachais na hÉireann. Bunaithe ar thorthaí an chéad Suirbhé Náisiúnta um Chomhionannas Cine ar gach Institiúid Ardoideachais, tá sé mar aidhm ag na Prionsabail Frithchiníochais leas a bhaint as an gcumhacht atá ag Institiúidí Ardoideachais na hÉireann mar cheannairí ar athruithe dearfacha sa tsochaí chun dúshlán a thabhairt do chiníochas agus neamhionannas cine. Tá fás feicthe ag coláistí Éireannacha ar éagsúlacht eitneach a bhfoirne agus a gcuid mac léinn, rud a léiríonn an éagsúlacht i ndaonra na hÉireann, agus féachann na Prionsabail seo le cultúr comhionannais cine a neadú san ardoideachas.

#### 6.2.4 Toiliú a Chur Chun Cinn agus Críoch a chur le Foréigean Gnéasach agus Ciapadh (ESVH)

Cuireadh roinnt gníomhaíochtaí chun cinn sna réimsí seo le linn 2022/2023, lena n-áirítear:

- Beartas agus Nósanna Imeachta nua um Dhínit agus Meas an IEDT a dhréachtú;
- Cuireadh ceardlanna toilithe ar fáil do scoláirí uile B1 le linn am ranga;
- Rinneadh an chéad Tuairisceán bliantúil ÚAO ar thuarascálacha SVH ón bhfoireann agus ó mhic léinn;
- Soláthar sonraí *Labhair Amach* don chéad tuarascáil náisiúnta den uirlis;
- Ghlac an Foras páirt san fheachtas #toiliúadhíbhálbhú i 2022/23; Bhain an tionscnamh úsáid as físeáin bheoite a chruthaigh mic léinn IEDT don tionscadal 'Moving Parts'.

#### 6.2.5 Imeachtaí Comhionannais, Éagsúlachta & Ionchuisimithe 2022/2023

Reáchtáladh roinnt imeachtaí a bhain le CÉI le linn 2022/2023, lena n-áirítear:

- **Lá Idirnáisiúnta na bhFear** - Arna eagrú ag aonaid CÉI sna hinstitiúidí, tháinig ceannairí fireanna ar fud na hearnála

ardoideachais teicneolaíochta in Éirinn le chéile chun plé a dhéanamh ar Cén Fáth a bhfuil Comhionannas Inscne d'Fhir freisin i bpodchraoladh a eisíodh chun Lá Idirnáisiúnta na bhFear a chomóradh ar an 19ú Samhain 2022.

Bhí an podchraoladh ina óstach ag an Dr Ross Woods, Ceann an Ionaid Bairr Feabhais don CÉI ag an ÚAO. I dteannta leis bhí David Denieffe, Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla Saol na Mac Léinn, Teagasc agus Foghlaim (OTOD), David Smith, Uachtarán IEDT, Michael Loftus, Leas-Uachtarán Gnóthaí Seachtracha (OTM), an Dr Liam Brown, Leas-Uachtarán um Fhorbairt Taighde agus Nuálaíochta (OTS), an Dr Martin McHugh, Ceann na Roinne Amharc-ríomhaireachta agus Ríomhaireachta Daonna (I.T. Dhún Dealgan), agus an Dr Philip Owende, Ceann Cúnta Gnóthaí Acadúla (OT Bhaile Átha Cliath).

- **Oiliúint i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (TCÉ)** - chríochnaigh sé bhall déag d'fhoireann an IEDT cúrsa Bunoiliúna TCÉ ocht seachtaine i dTéarma 2 den bhliain acadúil 2022/2023.
- **Lá Idirnáisiúnta na mBan** - Chun Lá Idirnáisiúnta na mBan a chomóradh ar an 8ú Márta 2023, d'óstáil IEDT painéal de

### 6.2.5 Imeachtaí Comhionannais, Éagsúlachta & Ionchuimsithe 2022/2023 (ar lean)

thionscadail taighde institiúideacha a maoiníodh le déanaí a dhírigh ar shaol na mban agus ar chomhionannas inscne i suíomhanna éagsúla.

I measc na gcainteoirí bhí:

- ⇒ *FAHM - Stair Feimineach sa Déantús Ealaíne* - An Dr Tina Kinsella & an Dr Martina Mullaney;
  - ⇒ *INGENIC - An Comhghuth don Chomhionannas Inscne sa Ríomhaireacht/Mná Óga sa Ríomhaireacht* - Anne Wright;
  - ⇒ *EDIFY-EDU* - An Dr Audrey Stenson;
  - ⇒ *Mná Oibre agus an Sos Míostraithe: Tionchar an Sos Míostraithe ar Ghairmeacha san Earnáil AO in Éirinn* - Paula Maher.
- **Oiliúint Chomhionannais Cine** - i mí Aibreáin 2023, chríochnaigh gach ball d'Fhoireann Fheidhmeannais agus d'Fhoireann Lárbhainistíochta na hInstitiúide oiliúint Cine agus Comhionannais Éigeantach a bhí in oiriúint do chomhthéacs ardoideachais. Chuir saineolaí seachtrach an Dr Lucy Michael agus a foireann an oiliúint ar fail.

- **Collóicium ar an Sos Míostraithe san Ionad Oibre** - tionóladh collóicium ar an Sos Míostraithe san Ionad Oibre i Leabharlann Lexicon, Dún Laoghaire, ar an 28ú Aibreán 2023. Chuir cúntóir taighde IEDT Paula Maher torthaí an staidéir arna mhaoiniú ag an ÚAO, Mná ag obair agus an Sos Míostraithe: staidéar ar an tionchar a bheidh ag an sos míostraithe ar slite beatha de shampla de mhná atá ag obair san earnáil IAO in Éirinn. Agus fócasghrúpaí á gcur i gcrích, scrúdaigh an taighde eispéireas na mban ag dul tríd an sos míostraithe agus iad ag obair i sampla de thrí Institiúid Ardoideachais.
- IADT Queer Staff Network - the IADT Queer Staff Network (QSN) was launched on 8th June 2023. The QSN is open to LGBTQIA+ staff and allies. It is a member of the All Island HEI LGBT+ Staff Networks, currently chaired by Trinity College Dublin.
- **Líonra Foirne Aiteach an IEDT** - seoladh Líonra Foirne Aiteach an IEDT (LFA) ar an 8ú Meitheamh 2023. Tá an LFA oscailte d'fhoireann agus do chairde LADTAIÉ+. Is ball é de Líonraí Foirne Uile-Oileáin IAO LADT+, atá faoi chathaoirleacht Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

### 6.2.6 Staitisticí Inscne mar a bhí ar an 31 Lúnasa 2023


Tá an tsaincheist maidir le comhionannas inscne ríthábhachtach do IADT. Aithníonn an Institiúid go bhfuil tearcionadaíocht ag mná ar fud na hearnála ardoideachais agus go mbíonn orthu cur suas le réimse saincheisteanna áirithe, lena n-áirítear claonadh comhfhiosach agus neamh-chomhfhiosach, gnéasachas, freagrachtaí breise mar chúramóirí agus iompar míchuí. Dúirt IADT go poiblí go bhfuil sé tiomanta do champas éagsúil, do dheiseanna a chur chun cinn do gach duine agus d'idirghabháil spriocdhírthe maidir le comhionannas inscne go sonrach.

Féachann IADT le timpeallacht oibre a chur chun cinn atá saor ó idirdhealú ar fhorais stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, creideamh reiligiúnach, aois, míchumas, cine agus ballraíocht den Lucht Siúil. Tá foireann tiomanta, dea-cháilithe agus dinimiciúil ag IADT a thuigeann agus a scaipeann fíis agus misean na hInstitiúide. Tá ár bhfoireann riachtanach chun fíis agus misean an IADT a bhaint amach. Cinnfidh a n-idirghníomhaíochtaí dearfacha agus gairmiúla maidir le comhionannas inscne le raon páirtithe leasmhara, go himmheánach agus go seachtrach, rath leanúnach agus forbairt na hInstitiúide.

Tá baill foirne IADT riachtanach chun fíis agus misean na hInstitiúide a bhaint amach. Cinnfidh a n-idirghníomhaíochtaí agus caidreamh dearfach agus gairmiúil maidir le comhionannas inscne le raon páirtithe leasmhara, go himmheánach agus go seachtrach, rath agus forbairt leanúnach na hInstitiúide. Tá IADT ag cur ceist an chomhionannais inscne chun cinn go gníomhach ó thaobh foirne agus ó thaobh tacú le himeachtaí mac léinn, i.e. ócáid bhliantúil Young Women in Film. Tá dul chun cinn maith déanta maidir le líon na foirne i bpoist níos airde ar fud na hInstitiúide. Taispeántar an miondealú inscne laistigh den Institiúid sna léaráidí thall.


### 6.2.6 Staitisticí Inscne (ar lean)

#### Comhlacht Rialaithe




Mná	7 (44%)
Fir	8 (50%)
Gan sonraí	1 (6%)

#### Foireann Feidhmiúcháin




Mná	2 (29%)
Fir	5 (71%)

#### Foireann Bainistíochta




Mná	12 (52%)
Fir	11 (48%)

#### Gach Ball Foirne (WTE)




Mná	113 (53%)
Fir	102 (47%)

#### Baill Foirne Acadúla (WTE)



Mná	59 (48%)
Fir	65 (52%)

#### Baill Foirne Gairmiúla, Bainistíochta agus Tacaíochta (WTE)



Mná	54 (59%)
Fir	37 (41%)

### 6.2.7 Tuairiscíú ar Bhearna Phá idir na hInscní

Tháinig an tAcht um Fhaisnéis ar Bhearna Phá idir na hInscní 2021 i bhfeidhm i mí Iúil 2021. Is iad seo a leanas príomhcheanglais na reachtaíochta:

- **Oibleagáid Tuairiscithe:** Ceanglaítear ar fhostóirí tuairiscíú ar an mbearna phá idir na hInscní laistigh dá n-eagraíochtaí. Áirítear leis seo difríochtaí pá idir fostaithe fireanna agus bainearna a ríomh agus a fhoilsiú.
- **Tairseach don Tuairiscíú:** Ar dtús, bhain na ceanglais tuairiscithe leis na heagraíochtaí a bhfuil 250 fostaí nó níos mó acu. Laghdóidh an tairseach seo le himeacht ama, agus leathnófar é faoi dheireadh chuig eagraíochtaí a bhfuil 50 fostaí nó níos mó acu.
- **Sonraí le Tuairiscíú:** Employers Caithfidh fostóirí tuairiscíú ar:
  - ⇒ An bhearna meánach agus airmheánach sa phá in aghaidh na huairé idir fostaithe fireanna agus bainearna.
  - ⇒ An bhearna mheánach agus airmheánach i bpá bónais.
  - ⇒ Comhréir na bhfear agus na mban a fhaigheann bónais.
  - ⇒ omhréir na bhfear agus na mban a fhaigheann sochair chomhchineáil.
  - ⇒ Comhréireanna na bhfostaithe fireanna agus bainearna sna bandaí pá sa cheathairil íochtair, sa lárcheathairil íochtair, sa lárcheathairil uachtarach, agus sa cheathairil uachtarach.
- **Foilsíú Faisnéise:** Ní mór d'fhostóirí faisnéis faoin mbearna phá idir na hInscní a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin, nó ar mhodh eile atá inrochtana don phobal. Ní mór dóibh freisin scéal a chur ar fáil a mhíníonn na figiúirí agus ag cur síos ar na bearta atá á nglacadh acu chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá idir na hInscní.
- **Anailís agus Pleananna Gníomhaíochta:** Spreagtar fostóirí anailís a dhéanamh ar na cúiseanna atá taobh thiar de na bearnaí phá idir na hInscní agus pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun dul i ngleic le haon éagsúlachtaí. Cé nach bhfuil sainordú docht ar phlean gníomhaíochta a fhorbairt, moltar é mar dhea-chleachtas.

### 6.2.7 Tuairisciú ar Bhearna Phá idir na hInscní (ar lean)

- **Minicíocht an Tuairiscithe:** Tá tuairisciú le déanamh go bliantúil.
- **Forfheidhmiú agus Comhlíonadh:** Tá Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (CÉCDC) freagrach as an reachtaíocht a fhorfheidhmiú. D'fhéadfadh imscrúduithe agus smachtbhannaí a bheith mar thoradh ar neamhchomhlíonadh.

Tá ríomh mhéadracht bearna phá idir na hinscín na hInstitiúide leagtha amach sa “Treoirlínte don Acht um Fhaisnéis ar Bhearnaí Phá idir na hInscní 2021 - Nóta Treorach Nuashonraithe d’Fhostóirí ar Thuairisciú i 2022”. Bunaithe ar na ríomhanna seo, is é an Mheánbhearna Phá Inscne d’fhoireann iomlán an IEDT ná:

Meánbhearna Phá	Bearna Phá Airmheán
8.7%	12.7%

Tá comparáid fhabhrach ag IEDT le tagarmharcanna náisiúnta; léirigh sonraí ó Éirinn i 2019 bearna phá idir na hinscín de 11.3% (Eurostat, 2021).

Is é an bhearna meánach agus airmheánach i bpá in aghaidh na huaire na bhfostaithe páirtaimseartha fireanna agus bainearna san IEDT ná:

Meánbhearna Phá idir na hInscní %	Bearna Phá Airmheán idir na hInscní %
7.9%	15.1%

Is é an bhearna meánach agus airmheánach i bpá in aghaidh na huaire na bhfostaithe sealadacha fireanna agus bainearna san IEDT ná:

Meánbhearna Phá idir na hInscní %	Bearna Phá Airmheán idir na hInscní %
-0.9%	0%

Comhréireanna na bhfostaithe fireanna agus bainearna sna bandaí pá sa cheathairíl íochtair, sa lárcheathairíl íochtair, sa lárcheathairíl uachtarach, agus sa cheathairíl uachtarach ag IEDT:

Ceathairíl	Fir	Mná
A (Uachtarach)	50%	50%
B (Meán Uachtarach)	47%	53%
C (Meán Íochtarach)	44%	56%
D (Íochtarach)	45%	55%

Tá an Tuarascáil iomlán ar Bhearna Phá idir na hInscín ar fáil ar Suíomh Gréasáin na hInstitiúide.



## 6.3 Éachtaí Foirne

### 6.3.1 Baill Foirne Neamh-Dhámhche

#### David Smith

- Member of the Board of Directors of Ball de Bhord Stiúrthóirí an Chumainn um Ardoideachas Teicneolaíochta (CAOT).
- Cathaoirleach ar Choiste Iniúchta agus Stiúrtha Inmheánach an CAOT.
- Ball de Bhord Stiúrthóirí EduCampus Services DAC (Seirbhísí Champas an Oideachais).
- Ball de Choiste Bainistíocht Feidhmiúcháin Acadamh de chuid Creative Futures (Tódhchaí Cruithaitheach), tionscadal arna mhaoiniú ag Tionscnamh an Chaipitil Dhaonna (TCD) i gcomhar le CNED agus COBÁC.
- Ball den Choiste Stiúrtha Náisiúnta do COTNTT (NTUTORR) - (tionscadal) Claochlú na hOllscoile Teicneolaíochta Náisiúnta um Théarnamh agus Athléimneacht.
- Áirítear ar a chuid Bhallraíochtaí Gairmiúla: Institiúid Stiúrthóirí na hÉireann, Alliance Graphique Internationale, Institiúid na nDearthóirí

in Éirinn; Cumann Idirnáisiúnta na nDearthóirí Clógrafacha, agus an Institiúid na Fógraíochta an Dearaidh Cruithaitheacha.

#### An Dr Andrew Power

- Leanadh ar aghaidh ag fónamh ar Bhord Comhairleach Fhéile Scannán Idirnáisiúnta Chiarraí.
- Leanadh ar aghaidh ag fónamh ar Bhord Amharclann an Everyman i gCorcaigh.
- Leanadh ar aghaidh ag fónamh ar Chomhairle an CRBÁC, agus ar Choiste na nEalaíon Arts.
- Bhí sé ina Chathaoirleach ar roinnt Painéal Bailíochtaithe Clár d'institiúidí eile thar ceann an DCCÉ.

#### Bernard Mullarkey

- Cathaoirleach ar Fhóram AD an CAOT.
- Ball de Bhord Chumann na Meán agus Foghlama IVZW (An Bheilg).
- Ball de Choiste Feidhmiúcháin Réigiúnach Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath IBEC
- Ball de Choiste Airgeadais Acadamh Creative Futures



### 6.3.2 Baill Foirne Dámh na Scannán- aíochta, na hEalaíne agus na Teicneolaíochtaí Cruthaitheacha

#### Conor Brennan

- Bronnadh maoiniú €55,000 ó Bearta Dearaidh Erasmus+, chun iarratas a chruthú ar Chomhchéim Mháistreacht nua Erasmus Mundus sa Fuaime (Méan Fómhair 2022).
- Bhí sé i gceannas ar fhoireann idirnáisiúnta acadúla ó Ollscoil Lusófona (An Phortaingéil), Scoil Ealaíon LUCA (An Bheilg), agus Ollscoil Aalto (An Fhionlainn) in iarratas ar mhaoiniú Erasmus+ (€4.4M) le haghaidh Máistreacht nua i bhFíschluichí (Re\_Play) mar chuid de FilmEU (Iúil 2023).

#### An Dr Clodagh Emoe

- ‘Suiteán físe tumtha ‘We Are and Are Not, 2015’ mar chuid de thaispeántas grúpa ag The Model, Sligeach (Deireadh Fómhair 2022—Eanáir 2023).

#### An Dr Andrew Errity

- ‘Mímheaitseáil Éabhlóideach: Friotaíocht a dheardh in aghaidh shaothrú ár n-intinne phrimitibheach trí theicneolaíocht’ ag Siompóisiam Idirghníomhaíochta Ríomhaireachta na hÉireann, Ollscoil Uladh (Deireadh Fómhair 2022 – Eanáir 2023).

#### An Dr Olivia Hurley

- “An tSíceolaíocht Spóirt - Cad, Cá háit agus Cén Fáth” seachadta ag Comhdháil Gairmeacha sa tSíceolaíocht an CSÉ/CSBBTÉ, CNÉ, Baile Átha Cliath (Márta 2023).

#### John Greaney

- ‘Féin-Éifeachtúlacht Chruthaitheach na Mac Léinn Síceolaíochta’ tugtha ag Comhdháil Fíorúil Chumann Síceolaíochta Thuaisceart Éireann 2022, Béal Feirste (Méan Fómhair 2022).

#### Mark Joyce

- ‘Taispeántas ‘The Narrow Gate of the here and now—The Anthropocene’ in Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Baile Átha Cliath (Samhain 2022).
- ‘Countermovement’, coimisiún múrmhaisiú mar chuid de Abstraction Now, ag Gailearaí an AIR, Baile Átha Cliath (Nollaig 2022).
- Mata Irlandia Coimeádta 2023, taispeántas de chúigear Ealaíontóirí Éireannacha atá ag teacht chun cinn san Ionad Trádála Domhanda, Iacárta, an Indinéis, arna éascú ag Gníomhaireacht Ealaíne ISA, arna choimisiúnú ag Ambasáid na hÉireann san Indinéis le haghaidh Fhéile Phádraig, agus maoinithe ag Cultúr Éireann (Márta-Aibreán 2023).

### **Mark Joyce (ar lean)**

- ‘Bending Light’, taispeántas aonair ag Teach Damer, Ros Cré (Meitheamh 2023)
- ‘Ballinglen Biennale’ exhibition at the Ballinglen Museum, Mayo (August 2023).

### **An Dr Linda King**

- Rannpháirtí Painéil leis an gCláirseach, plé painéil ar shéimeolaíocht na Féiniúlachta Éireannaí, Comhad Cultúir, Lyric FM (Nollaig 2022).
- “Miotaseolaíocht na hÉireann agus Amharc-Chultúr”, arna sheachadadh ag an Siompóisiam Aitheantais Náisiúnta: Miotaseolaíocht Dhigiteach, IEDT (Marta 2023).
- “Lánléargas an Chongó a Dhíchoilíniú: Taighde Ealaíne Oidhreachta Fíorúil”, arna sheachadadh ag FilmEU RIT, Liospóin (Meitheamh 2023).
- Leanadh de bheith ag cur go rialta le Seó Dave Fanning, 2FM ar dhearadh agus ar chultúr an phobail.
- Ceaptha ar an gCoiste Staidéir Stairiúil in Acadamh Ríoga na hÉireann.
- Leanadh ar aghaidh mar shainchomhairleoir ar Ghailearaithe Éire ag Athrú, Ard-Mhúsaem na hÉireann.

- Leanadh ar aghaidh mar bhall de Bhord Ard-Mhúsaem na hÉireann.
- Leanadh ar aghaidh mar chomh-Phríomh-Imscrúdaitheoir ar an tionscadal Miotaseolaíochta Digiteach, Erasmus+.
- Leanadh ar aghaidh mar Thaighdeoir Sinsearach IEDT do thionscadal taighde FilmEU RF an Chongó.
- Leanadh ar aghaidh mar ionadaí IEDT do ELIA.

### **Joachim Pietsch**

- Scrúdaitheoir Seachtrach le haghaidh Baitsiléir Eolaíochta (Onór.) in Ealaín agus Dearadh Digiteach Idirghníomhach, OTOD (2023).
- ‘Taighde Ealaíne i RF’ seachadta ag Siompóisiam Dochtúireachta FilmEU, Ollscoil Lusafona, An Phortaingéil (Márta 2023).

### **Steve Woods**

- Bronnadh Gradam Beochana Mukrami air ag Féile Beochana an Daingin (Márta 2023).

Le linn na bliana acadúla 2022/2023, bhí foilseacháin ag roinnt ball foirne i Dámh na SETC, lena n-áirítear:

- An Dr Olivia Hurley
- An Dr Linda King

### 6.3.3 Baill Foirne na Dáimhe Fiontair agus Daonnachtaí

#### An Dr Josephine Browne

- Ball d'Fhóram Réigiúnach Scileanna Bhaile Átha Cliath.
- I dteagmháil le hOifig Fiontair Áitiúil DLRD agus Ceantar Gnó Áth an Ghainimh.
- Baint aici le Age Alliance DLRD agus Seomra Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- Ball de Choiste Stiúrtha Phlean Forfheidhmithe Fiontraíochta Réigiúnaí Bhaile Átha Cliath.
- Ball den Bhinse Araíonachta Aturnaetha.

#### An Dr Therese Moylan

- Ball Boird d'Ionad Fiontraíochta Pobail an Gharráin Chnó
- Cathaoirleach Choiste Dearlaice an Gharráin Chnó
- Ball de Bhord Amharclann an Phaillíúin
- Leas-Uachtarán na hÉireann ar an gComhairle Eorpach um Ghnóthais Bheaga agus Fhiontraíocht
- Comheagraí an Siompóisiam ar Fhiontraíocht san Oideachas, OT Baile Átha Cliath (Samhain 2022)
- Scrúdaitheoir Seachtrach do shraith clár Fiontraíocht Springboard, OT Bhaile Átha Cliath

- 'Fiontraíthe Mná: Ní mór dúinn labhairt faoin sos míostraithe', comhpháipéar leis an Dr Josephine Browne, agus an Dr Sharon McGreevy, ag Comhdháil Diana, Bostún, SAM (Meitheamh 2023).

#### Eva Perez

- "Treochtaí Taighde in Úsáid na Meán Sóisialta mar Uirlis Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas: Anailís Ábhar agus Bibleiméadracht", arna sheachadadh ag an 15ú Comhdháil Idirnáisiúnta Bliantúil in Oideachas, Taighde & Nuálaíocht, Sevilla, an Spáinn (Samhain 2022)
- 'Athbhreithniú Córasach ar na Meáin Shóisialta mar Uirlis Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas: Peirspictíocht Bunús Teoiriciúil', arna sheachadadh ag an gComhdháil Taighde Iarchéime, Léargas Ceannródaíoch san Oideachas, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (Bealtaine 2023).

Le linn na bliana acadúla 2022/2023, bhí foilseacháin ag roinnt ball foirne i Dámh na Fiontair agus Daonnachtaí, lena n-áirítear:

- An Dr Therese Moylan
- Eva Perez



# 7 Ráiteas Airgeadais

## 7.1 Ráiteas Airgead

Rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste na cuntais iniúchta a ullmhú de réir FRS102 agus a fhaomhadh gan coinníoll an 20 Bealtaine 2024. Leagtar amach thíos leagan giorraithe de na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2023.

## 7.2 Leagan Giorraithe de Ráitis Airgeadais 2022/2023

### Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach don bhliain dar críoch 31 Lúna 2023

	2023 €000	2022 €000
<b>Ioncam</b>		
Deontas Stáit	13,669	12,375
Táille Teagaisc	8,573	9,090
Amúchadh an Dheontas Chaipitil Iarchurtha	1,847	1,737
Deontais agus Conarthaí Taighde	3,240	1,905
Ioncam aitheanta um Chistiú Tacaíochta do Mhic Léinn	260	319
Ioncam ó Ús	81	0
Cistiú Pinsin Iarchurtha	5,259	5,982
Ioncam Eile	<u>1,155</u>	<u>1,053</u>
	<u>34,084</u>	<u>32,461</u>
<b>Caiteachas</b>		
Costais Foirne	19,947	18,037
Costas Sochar Scoir	5,259	5,982
Costais Oibriúcháin Eile	7,502	6,409
Dímheas	<u>1,847</u>	<u>1,737</u>
	<u>34,555</u>	<u>32,165</u>
<b>Barrachas Oibriúcháin</b>	<u>(471)</u>	<u>296</u>
Aistriú go Tionscadail Chaipitil	<u>(406)</u>	<u>(395)</u>
<b>Easnamh Iomlán</b>	<u>(877)</u>	<u>(99)</u>
Laghú ar Dhliteanais Phinsin a d'eascair as Scoir i rith na Bliana	1,880	3,921
Athruithe ar Thiomhdí atá mar bhunús le Luach Reatha Scoir		
Oibleagáidí Sochair	<u>6,459</u>	<u>28,474</u>
<b>Gnóthachain Achtúireacha sa bhliain</b>	<u>8,339</u>	<u>32,395</u>
<b>Coigeartú ar Mhaoiniú um Shocair Scoir Iarchurtha</b>	<u>(8,339)</u>	<u>(32,395)</u>
<b>Ioncam Cuimsitheach Iomlán</b>	<u>(877)</u>	<u>(99)</u>

Áirítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach na gnóthachain agus na cailteanais go léir a thuairiscítear don bhliain

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan  
Cathaoirleach

Dáta: 16/05/2024



David Smith  
Uachtarán

Dáta: 16/05/2024

Ráiteas ar Athruithe i gCúlchistí agus sa Chuntas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2023

	Cuntas Caipitil €000	Cúlchiste Forbartha Caipitil €000	Cúlchiste Ioncaim €000	Iomlán €000
<b>An 1 Meán Fómhair 2021</b>	<u>37,650</u>	<u>4,000</u>	<u>6,000</u>	<u>47,657</u>
Easnamh Oibriúcháin	0	0	296	296
Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach	423	0	(395)	28
Leithdháilte ón Deontas Caipitil	525	0	0	525
Leithdháilte ón Deontas do Mhionobreacha	1,400	0	0	1,400
Leithdháilte ó Ioncam Tion	60	0	0	60
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní	<u>(1,737)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(1,737)</u>
<b>Gluaiseacht don Bhliain</b>	<u>671</u>	<u>0</u>	<u>(99)</u>	<u>572</u>
<b>An 31 Lúnasa 2022</b>	<u>38,321</u>	<u>4,000</u>	<u>5,908</u>	<u>48,229</u>
Barrachas oibriúcháin	0	0	(471)	(471)
Leithdháilte ón Deontas Athfhillteach	544	0	(406)	138
Leithdháilte ón Deontas Caipitil	17	0	0	17
Leithdháilte ón Deontas do Mhionobreacha	605	0	0	605
Leithdháilte ó Ioncam ó Thionscadail	244	0	0	244
Amúchadh ar aon dul le Dímheas Sócmhainní	<u>(1,847)</u>	<u>0</u>	<u>0</u>	<u>(1,847)</u>
<b>Gluaiseacht don Bhliain</b>	<u>(437)</u>	<u>0</u>	<u>(877)</u>	<u>(1,314)</u>
<b>An 31 Lúnasa 2023</b>	<u>37,844</u>	<u>4,000</u>	<u>5,031</u>	<u>46,915</u>

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan  
Cathaoirleach



David Smith  
Uachtarán

Dáta: 16/05/2024

Dáta: 16/05/2024



## An Ráiteas ar an Staid Airegeadais Amhail an 31 Lúnasa 2023

	2023	2022
	€000	€000
<b>Sócmhainní Seasta</b>		
Maoin, Gléasra agus Trealamh	<u>37,884</u>	<u>38,321</u>
<b>Sócmhainní Reatha</b>		
Infháltais	943	868
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	<u>14,985</u>	<u>14,752</u>
	15,928	15,620
<b>Nithe Iníoctha</b>		
Suimeanna atá dlite laistigh de Bhliain Amháin	<u>(6,897)</u>	<u>(5,712)</u>
<b>Glansócmhainní Reatha</b>	<u>9,031</u>	<u>9,908</u>
<b>Sochair Scoir</b>		
Chomaoin um Shocair Scoir	(67,700)	(69,895)
Sócmhainn Maoinithe um Shocair Scoir Iarchurtha	<u>67,700</u>	<u>69,895</u>
<b>Glansócmhainní Iomlána</b>	<u>46,915</u>	<u>48,229</u>
<b>Arna Léiriú ag:</b>		
Cuntas Caipitil	37,884	38,321
Cúlchiste Forbartha Caipitiúla	4,000	4,000
Cúlchiste Ioncaim	<u>5,031</u>	<u>5,908</u>
	<u>46,915</u>	<u>48,229</u>

Sínte thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan  
Cathaoirleach



David Smith  
Uachtarán

Dáta: 08/05/2024

Dáta: 08/05/2024

## An Ráiteas ar Shreafaí Airgid Thirim Amhail an 31 Lúnasa 2023

	<b>2023</b>	<b>2022</b>
	<b>€000</b>	<b>€000</b>
<b>Glansreabhadh Airgid Thirim Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		
Barrachas Oibriúcháin	(471)	296
Ioncam Úis	(81)	0
Dímheas	1,847	1,737
Amúchadh ar Dheontais Chaipitil Iarchurtha	(1,847)	(1,737)
Laghdú/(Méadú) ar Fhéichiúnaithe	(75)	(576)
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe	<u>1,185</u>	<u>1,713</u>
<b>Glansreabhadh Airgid Ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>	<u>558</u>	<u>1,433</u>
<b>Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>		
Ús Faighte	<u>81</u>	<u>81</u>
<b>Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Infheistithe</b>		
locaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a shealbhú	<u>(1,410)</u>	<u>(2,408)</u>
<b>Sreafaí Airgid Ó Gníomhaíochtaí Infheistithe</b>		
Deontais Atréimhseacha Stát a chaitear ar Mhain, Gléasra agus Trealamh	138	28
Deontais Chaipitil Stáit a chaitear ar Mhain, Gléasra agus Trealamh	17	525
Deontas Mionoibreacha Stáit a chaitear ar Mhain, Gléasra agus Trealamh	605	1,400
Cistí Eile caite a chaitear ar Mhain, Gléasra agus Trealamh	<u>224</u>	<u>60</u>
<b>Glan-Insreabhadh Airgid Ó Mhainiú</b>	<u>1,004</u>	<u>2,013</u>
<b>Glanméadú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim</b>	233	1,038
<b>Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 1 Meán Fómhair</b>	<u>14,752</u>	<u>13,714</u>
<b>Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim an 31 Lúnasa</b>	<u>14,985</u>	<u>14,752</u>

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Rialaithe



David Holohan  
Cathaoirleach



David Smith  
Uachtarán

Dáta: 08/05/2024

Dáta: 08/05/2024

